

# Tuarascáil Bhliantúil 2016

Údarás Um Shábháilteacht Ar Bhóithre
Road Safety Authority

138

50

In 2016 maraíodh 138 fireann agus 50 baineannach ar na bóithre

**Is méadú 16%**
é seo i gcomparáid le 2015

## Athbhreithniú ar Shábháilteacht ar Bhóithre 2016

# 188 duine san iomlán a fuair bás in 2016.

### Básanna taistealaithe feithicle

121

**Méadú 15%** i mbásanna tiománaithe ó 71 go 82

**Méadú 41%** i mbásanna paisinéara ó 27 go 38

### Básanna úsáideoirí soghonta bóithre

35 — Méadú 6% ar 2015

22 — Athrú ar bith ó 2015

10 — Méadú 11% ar 2015

Ní raibh crios sábhála in úsáid ag **27%** de thiománaithe agus paisinéara a maraíodh

**Maraodh níos mó páistí* in 2016 ná in 2015**

Méadú ó 3 go 9

*14 bliana agus faoi bhun

DOM

Ba é an Domhnach an lá ní ba chontúirtí den tseachtain (37 bás)

Ba iad na huaireanta idir 4i.n agus 6i.n na huaireanta ní ba chontúirtí

# Clár na nÁbhar


02 Ráiteas an Chathaoirligh

04 Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh

06 Comhaltaí an Bhoird

08 Foireann Bainistíochta

09 Réamhrá

11 Plean Corparáideach 2016–2020

14 Athbhreithniú ar Shábháilteacht ar Bhóithre 2016

18 Feachtais Feasachta faoi Shábháilteacht ar Bhóithre

22 Taighde ar Shábháilteacht ar Bhóithre

24 Oideachas um Shábháilteacht ar Bhóithre

25 Oideachas Tiománaithe faoi Shábháilteacht ar Bhóithre

26 Buaicphointí ó 2016

28 Tástáil agus Ceadúnú Tiománaithe

34 Forfheidhmiú agus Caighdeáin Feithiclí

39 Rialachas agus Tacaíocht

42 Ráitis Airgeadais RSA 2016

67 Buíochas a ghabháil le hEagraíochtaí agus le Daoine

# Ráiteas an Chathaoirligh

Le tríocha bliain anuas, tá laghdú ollmhór feicthe i líon na mbásanna ar bhóithre. Mar shampla, i 1980 bhí 572 bás ar bhóithre. Faoi 2012, áfach, bhí 163 bás, laghdú 72%. In 2013, leag an rialtas amach sprioc shoiléir agus uaillmhianach chun básanna ar bhóithre a laghdú, le seoladh na Straitéise Sábháilteachta ar na Bóithre 2013–2020. Is cuspóir uaillmhianach é an aidhm chun 124 nó níos lú bás imbhuailtí bóthair a bheith ann faoi 2020.

D'fháiltigh an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre roimh an straitéis seo agus roimh an ngealltanas ón rialtas chun béim a leagan ar cheist phoiblí thromchúiseach: sábháilteacht ar bhóithre.

D'ainneoin na huaillmhianta soiléire dearfacha seo, áfach, tá méadú tagtha ar líon na mbásanna ar bhóithre. Ciallaíonn seo go bhfuil níos mó teaghlach agus pobal ann a raibh tionchar ag tráma ar bhóithre orthu. Ós rud é gurb é 2016 lárphointe na straitéise, is deis mhaith í chun breithniú agus imscrúdú a dhéanamh ar an bhfáth go bhfuil méadú feicthe ar bhásanna ar bhóithre.

Tá a fhios againn gurb iad na hiompair chéanna fós a tharraingíonn na básanna ar bhóithre. Is iad sin: róluas, ag tiomáint faoi thionchar dí, seachmall tiománaí lena n-áirítear fón cliste a úsáid le linn tiomána, gan crios sábhála a úsáid agus gníomhú míchúramach ag, agus i dtreo, úsáideoirí soghonta bóithre. Caithfimid fócas ár n-airde uile a dhíriú ar na hiompair seo agus ar na grúpaí is mó atá i mbaol uathu.

Is cúis mhór imní iad na tuairiscí le déanaí ar an mífhaisnéis faoi líon na dtástálacha anáileadáin cois bóthair a rinne an Garda Síochána. Is eochair-uirlis í an reachtaíocht um thrácht ar bhóithre sa streachailt leantach chun ár mbóithre a dhéanamh níos sábháilte. Déanta na fírinne, is eochairthoisc é na Gardaí a bheith i láthair go feiceálach ar ár mbóithre chun iompar na n-úsáideoirí bóithre a fheabhsú.

Tá sé riachtanach go ndéantar tuairisciú cruinn ar staitisticí chun tionchar a imirt ar bheartais ar shábháilteacht ar bhóithre, agus is cuid thábhachtach í an bhainistíocht inchreidte forfheidhmithe chun tuairteanna marfacha a laghdú agus iompar coiriúil a íoslaghdú ar na bóithre. Ina theannta sin, creideann an RSA gur chóir go mbeadh modh neamhspleách ann chun staitisticí forfheidhmithe maidir le sábháilteacht ar bhóithre a fhíorú.

Ní mór don Gharda Síochána, ag gach leibhéal, tús áite a thabhairt do phóilíniú bóithre. I rith an chúlaithe eacnamaíochta, laghdaíodh an cór tráchta go suntasach ó 1,200 in 2009 go 681 in 2016. Molann an RSA gur chóir líon na nGardaí a bhfuil póilíniú bóithre mar chúram acu a mhéadú faoi 10% bliain ar bhliain go dtí go mbeidh sé ag an leibhéal céanna is a bhí sé roimh an gcúlú eacnamaíochta. Chinnteodh sin go mbeadh forfheidhmiú an-sofheicthe againn a bheadh mar iombhagairt cheart in aghaidh sáraithe dlí ar na bóithre.

Is fadhb fós í an tiomáint faoi thionchar dí ar ár mbóithre. D'ainneoin laghdú mór i líon na dtiománaithe a éilíonn go dtiomáineann siad faoi thionchar dí, dár lenár suirbhéanna dearcaidh le deich mbliana anuas, is mórchúis fós í i mbásanna ar bhóithre.
Léirítear ó thaighde RSA go raibh baint ag an alcól le 38% de na himbhuailtí marfacha idir na blianta 2008 agus 2012. In uimhreacha, ciallaíonn sin go raibh baint ag an alcól i mbás 366 duine sna cúig bliana sin.

*Léirítear ó thaighde RSA go raibh baint ag an alcól le 38% de na himbhuailtí marfacha idir na blianta 2008 agus 2012.*

**Liz O'Donnell**
*Cathaoirleach*



Má dhéantar tuilleadh anailíse ar na figiúirí feictear dúinn gur i measc fear óg idir 16 agus 24 bliana is mó atá an t-iompar sin le tabhairt faoi deara.

In 2017, tabharfar reachtaíocht nua faoi bhráid an Oireachtais a bhfuil sé mar aidhm aige tiomáint faoi thionchar dí a chur faoi chois trí phionóis a thabhairt isteach a léiríonn cé chomh tromchúiseach is atá sé ár ndlíthe tarrthála maidir le tiomáint faoi thionchar dí a shárú. Thacaigh Tithe comhleantacha an Oireachtais le reachtaíocht a d'éirigh níos déine de réir a chéile chun dul i ngleic le cionta tiomána faoi thionchar dí. Tá ceannaireacht léirithe ag polaiteoirí ó gach páirtí tríd an bhfód a sheasamh in aghaidh leasa dhílsithe cúnga agus iad siúd a mhaíonn go ndéanfadh pionóis níos déine ar thiomáint faoi thionchar dí damáiste don phobal tuaithe. Tá pobal tuaithe na hÉireann ag tabhairt aghaidhe ar chuid mhaith fadhbanna, iompar, ionchuimsiú sóisialta agus pobail inbhuanaithe san áireamh, ach ní haon réiteach é tiomáint faoi thionchar dí a mhaitheamh do dhaoine.

Tá súil agam go leanfaidh ár n-ionadaithe tofa ar aghaidh ag glacadh misnigh agus an reachtaíocht seo á n-achtú acu a tharrthálfaidh beathaí agus a sheachnóidh gortuithe ar ár mbóithre.

Saincheist chomh tromchúiseach céanna is é seachmall tiománaí. Tá an saol claochlaithe ó bhun go barr le blianta beaga anuas leis an bhfón cliste, ag tabhairt rochtain dúinn ar ríomhphost agus an t-idirlíon agus muid ag gluaiseacht.

Is fadhb mhór ar ár mbóithre fós í, áfach, úsáid na bhfón le linn tiomána. Is féidir iarmhairtí scanraithe a bheith mar thoradh ar sheachmall faiteadh na súl fiú. Léiríonn taighde idirnáisiúnta go gcruthaítear 20–30% tuairteanna, ar an meán, ag seachmall tiománaí a áiríonn úsáid na bhfón póca. Suas go dtí Nollaig 2016, eisíodh 81,067 fógra pointí pionóis i gcomhar cionta fón póca. Teastaíonn forfheidhmiú leanúnach uainn de reachtaíocht tráchta ar bhóithre ón nGarda Síochána maidir leis seo chun an t-iompar contúirteach seo a chur faoi chois.

In 2016, bhog staid na hÉireann san Eoraip ar shábháilteacht ar bhóithre ón gcúigiú háit in 2015 go dtí an seachtú háit in 2016. Ní mór dúinn obair le chéile chun an treocht sin ar ábhar buartha í a iompú agus chun an bhearna a dhúnadh lenár gcomharsana Eorpacha is fearr feidhmíochta.

Seo é cuspóir luaite na Straitéise reatha Sábháilteachta ar Bhóithre de chuid an Rialtais. Sábhálfaidh sé neart beathaí agus seachnóidh sé neart gortuithe.

**Liz O'Donnell**
*Cathaoirleach*
An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre

*In 2016, bhog staid na hÉireann san Eoraip ar shábháilteacht ar bhóithre ón gcúigiú háit in 2015 go dtí an seachtú háit in 2016.*

# Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh

Ní bliain mhaith a bhí in 2016 maidir le sábháilteacht ar bhóithre. Le linn na bliana deireanaí maraíodh 188 go tragóideach i 176 tuairt mharfach. Níl dabht ar bith ach go bhfuil sábháilteacht ar bhóithre in Éirinn imithe in olcas le roinnt blianta anuas. D'ainneoin íosphointe buaice in 2015, bhí méaduithe i mbásanna ar bhóithre i dtrí as an gceithre bliana deireanacha.

Lárphointe na Straitéise Sábháilteachta ar Bhóithre 2013–2020 de chuid an Rialtais is é 2016. Is léir go bhfuilimid ag streachailt chun an phríomhsprioc de bhásanna ar bhóithre a laghdú go 124 nó níos lú faoi 2020 a bhaint amach. Críochnófar athbhreithniú lárphointe na straitéise in 2017. Sainaithneoidh seo na fáthanna nach bhfuil ag éirí linn taismigh a laghdú agus molfaidh sé bearta chun dul i ngleic leo.

An tasc atá os comhair an RSA agus geallsealbhóirí eile a bhfuil baint acu i bhforfheidhmiú na straitéise – don cheithre bliana den straitéis atá fágtha – ná an cúlchéimniú i sábháilteacht ar bhóithre a tharla ónar seoladh é in 2013 a stopadh, chun an bhris a thabhairt isteach agus chun an sprioc de 10 mbás nó níos lú in aghaidh na míosa a bhaint amach faoi 2020.

Tá dualgas cúraim ar gach úsáideoir bóithre freisin a sábháilteacht agus sábháilteacht daoine eile a chinntiú, trí fhreagracht níos mó a ghlacadh as a gcuid gníomhartha.

Tacaím go hiomlán leis an gCathaoirleach ina ráiteas maidir leis an ngá go dtabharfar na hacmhainní riachtanacha don Gharda Síochána ionas go mbeidh siad in ann a gcuid oibre tarrthála a dhéanamh.

D'fhoilsigh ár Roinn Taighde ceithre thuarascáil shuntasacha in 2016. D'fhéach na tuarascálacha réamhthuairte seo ar chomhaid imscrúduithe an gharda síochána idir 2008 agus 2012. Níl ár macasamhail san Eoraip agus rochtain dá leithéid againn. Dhírigh na tuarascálacha ar ghnéithe feithicle, luais agus alcóil mar ghnéithe rannpháirteacha i dtuairteanna marfacha. D'fhéach tuarascáil eile ar ghnéithe a chuaigh i bhfeidhm ar bhásanna gluaisrothaithe. Tá tuiscint níos fearr againn ó na tuarascálacha seo ar na gnéithe réamhthuairte a bhaineann le básanna agus úsáideadh iad chun bearta nua a thabhairt isteach, ó cheisteanna breise ar alcól sa Tástáil Teoirice Tiomána go feachtais nua feasachta.

Feachtas dá leithéid ná feachtas feasachta nua in aghaidh tiomána faoi thionchar dí a raibh an teaghlach Treacy chun tosaigh ann. Ba mhaith liom ómós speisialta a thabhairt don teaghlach Treacy a d'oscail áras a teaghlaigh dúinn agus a lig dúinn a scéal coscrach de bhás léanmhar Chiarán a roinnt leis an bpobal. Níl amhras ar bith orm ach go sábhálfar beathaí mar thoradh ar a gcuid iarrachtaí sna míonna agus sna blianta amach romhainn.

Iarmhairt dhíreach amháin a tháinig ó fhoilseachán na dtuarascálacha seo, go háirithe an ceann a bhaineann le gnéithe feithicle in imbhuailtí marfacha, ná an t-athrú, a theastaigh, ar an struchtúr pointí pionóis do thiománaithe in Aibreán 2016, nuair a tugadh isteach fógra nua um chion muirir sheasta (CMS) do thiománaithe a thiomáineann le boinn lochtacha nó chaite ar a bhfeithicil. Tá sé níos dóchúla go gcuirfidh na boinn le tuairt ná aon chomhpháirt eile i do charr. D'inis ár dtuarascáil réamhthuairte dúinn go bhfaigheann 14 duine bás ar an meán gach bliain i dtuairteanna a bhfuil boinn lochtacha ina ngné rannpháirteach. Leanfaidh an RSA ar aghaidh ag cur tábhacht na seiceálacha rialta ar bhoinn i gcuimhne do dhaoine trínár bhfeachtais feasachta.

Tá tuilleadh tuarascálacha réamhthuairte le foilsiú in 2017.

Aithnítear go bhfuil na rialacha maidir le bainistíocht pointí pionóis neartaithe le déanaí. Tá ceisteanna fós gan fhreagra agus leanfaidh an RSA ar aghaidh ag dul i ngleic lena ngeallsealbhóirí éagsúla lena chinntiú go dtabharfar ceadúnais ar láimh sa Chúirt le go bhféadfaí pointí pionóis a shannadh i ngach cás.

Go cinnte caithfear an méadú i mbásanna ar bhóithre a nascadh leis an méadú i dteagmháil na n-úsáideoirí bóithre le baol, a eascraíonn ón ngeilleagar feabhsaithe. Tá méadú ar líon na bhfeithiclí, ar líon na gciliméadar a thaistealaítear agus ar líon na dtiománaithe ar na bóithre mar thoradh air.

Dar le figiúirí ó Chumann Thionscal Mótar na hÉireann, díoladh 146,672 carr nua in 2016, an líon is mó ó 2008. Mhéadaigh clárúcháin de charranna nua 17% anuraidh i gcomparáid le 2015. Cé gur comhartha a bhfuil fáilte roimhe é an méadú orthu siúd a úsáideann ár mbóithre



**Moyagh Murdock**
*Príomhfheidhmeannach*

*D'fhoilsigh ár Roinn Taighde ceithre thuarascáil shuntasacha in 2016. D'fhéach na tuarascálacha réamhthuairte seo ar chomhaid imscrúduithe an gharda síochána idir 2008 agus 2012. Níl ár macasamhail san Eoraip agus rochtain dá leithéid againn.*

leis an téarnamh geilleagrach, ciallaíonn sé méid níos mó tráchta ag dul in iomaíocht don mhéid spáis chéanna ar bhóithre. Ní mór dúinn a bheith aireach ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige seo ar shábháilteacht ar bhóithre.

Agus táimid cinnte ag brath na n-iarmhairtí go pearsanta trí mhéadú in éileamh do sheirbhísí tráchtála an RSA: an Tástáil Teoirice Tiomána, an tástáil tiomána, an tSeirbhís Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána, an tSeirbhís Náisiúnta Tástála Carranna agus feidhmchláir tacagraif dhigitigh.

In 2016, sheol an RSA Plean Corparáideach 5 bliana. Ónar bunaíodh é, tá fás suntasach tagtha ar théarmaí tagartha an RSA agus oibríonn an Plean Corparáideach lena chinntiú go bhfuil an straitéis eagraíochtúil in oiriúint do na téarmaí tagartha seo.

Bunaíodh Stiúrthóireacht nua um Straitéis Chorparáideach, Beartas agus Teicneolaíocht ag deireadh 2016 lena chinntiú go bhfuil an struchtúr ag an RSA lena gcuid seirbhísí a sheachadadh sa chaoi is fearr. Beidh an stiúrthóireacht nua seo freagrach as seirbhísí dlíthiúla agus TFC na heagraíochta.

Is é fís luaite an Phlean Chorparáidigh ná go n-aithnítear an RSA 'mar phríomhghuth na sábháilteachta ar bhóithre go náisiúnta agus príomhghuth go hidirnáisiúnta, ag tiomáint athruithe i ndearcthaí agus in iompar úsáideoirí bóithre agus ag comhoibriú le heochair-gheallsealbhóirí chun beathaí a shábháil.' Ní féidir an fhís a sheachadadh gan tiomantas leanúnach ár bhfoirne agus geallsealbhóirí agus ba mhaith liom a gcuid oibre maidir leis an bPlean Corparáideach a fhorbairt agus a gcuid oibre lena chinntiú go sroichfimid an fhís straitéiseach amach anseo a aithint.

Ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh chun buíochas a ghabháil leis na gníomhaireachtaí, grúpaí agus daoine aonair éagsúla a thacaigh le hobair an RSA i rith na bliana.

Ba mhian liom freisin aitheantas a thabhairt do dhianobair agus díograis na foirne san RSA agus an obair a dhéanann na foirne inár n-eagraíochtaí tacaíochta a aithint. Is gá na meáin chumarsáide a aithint freisin ina ról ag coinneáil na sábháilteachta ar bhóithre ag barr an chláir oibre shóisialta sa tír seo.

Ar deireadh, is é mo ról-sa mar oifigeach cuntasaíochta an RSA maoirseacht a dhéanamh ar úsáid cheart na mbuiséad agus ionracas agus comhlíonadh a chinntiú maidir le reachtaíocht, beartas rialtais agus riachtanais rialachais chorparáidigh. Glacaim freagracht as maoirseacht airgeadais an RSA agus cuntais 2016 atá leagtha amach i staid airgeadais an RSA. Sonraítear cuntais airgeadais an RSA don bhliain 2016 ag deireadh na tuarascála seo.

**Moyagh Murdock**
*Príomhfheidhmeannach*
An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre

# Comhaltaí an Bhoird



**An tUasal Liz O'Donnell**
Cathaoirleach

Is Stiúrthóir Beartais, Cúrsaí Rialtais agus Cumarsáide den chuideachta cógaisíochta agus cúram sláinte MSD Ireland í Liz O'Donnell.

Ba TD sa Pháirtí Daonlathach i mBaile Átha Cliath Theas í Iníon O'Donnell ar feadh 15 bliain ó 1992 go dtí 2007 agus d'fhreastail sí mar Aire Stáit ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha ó 1997 go dtí 2002. Bhí ról aici i bhfoireann idirbheartaíochta na hÉireann a ghlac páirt sna caibidlí ilpháirtí a raibh Comhaontas Aoine an Chéasta i 1998 mar thoradh orthu. Ba bhall í Iníon O'Donnell de Choimisiún Thithe an Oireachtais ó 2002 go dtí 2007.

Nuair a chuaigh sí ar scor ón bpolaitíocht in 2007, d'oibrigh Iníon O'Donnell mar shainchomhairleoir gnóthaí poiblí, agus bhí colún polaitiúil aici san *Irish Independent* ar feadh cúig bliana. Ceapadh í ina cathaoirleach den RSA in 2014. Is as Baile Átha Cliath í agus is céimí í ó Scoil Dlí Choláiste na Tríonóide.



**An tUasal Eddie Rock**

D'oibrigh Eddie Rock i réimsí éagsúla den Gharda Síochána sular ceapadh ina choimisinéir cúnta é i mí Feabhra 2005 agus é i gceannas ar Chór Tráchta an Gharda Síochána.

Bhí sé mar ionadaí an gharda síochána ar Fhoireann na Straitéise Náisiúnta Frithdhrugaí, an chéad fhoireann chuimsitheach dá leithéid, a bhunaigh an rialtas sa bhliain 2001.

Le linn dó a bheith i gCór Tráchta an Gharda Síochána, bhí sé ar thús cadhnaíochta i bhfáil an uathchórais chun uimhirphlátaí a léamh. Faightear é sin i gcarranna tráchta na ngardaí mar ghnáthghné anois. Lena chois sin, rinne sé sárobair chun comhoibriú gníomhaireachta a lorg d'fhonn na 'stráicí' den ghréasán bóithre a aithint ina mbíonn an claonadh is mó go dtarlóidh imbhuailtí tráchta. Tá Dioplóma i Staidéar Dlí agus Baitsiléir Ealaíon sa Bhainistíocht Póilíní aige agus d'éirigh leis I Scrúdú Iontrála Deiridh Dhlí-Chumann Corpraithe na hÉireann in 2003. Tá sé ina chéimí de chuid Acadamh Náisiúnta FBI, Quantico, Virginia, leis.



**An Dr Áine Carroll, MB, BCh, MD, FRCP, FRCPI, DLQ**

Is í an Dr Áine Carroll Stiúrthóir Náisiúnta an Rannáin um Straitéis Cliniciúil agus Cláir san FSS ó mhí na Samhna 2012 i leith. Is rannán é sin a chuimsíonn na Cláir Chliniciúla Náisiúnta, na Cláir Chúraim Chomhtháite agus Oifig na Seirbhísí Altranais agus Cnáimhseachais. Tá sé mar aidhm ag an Rannán sin cúram comhordaithe agus obair bhuíne a chur chun cinn agus a fheabhsú ar fud na seirbhísí agus na speisialtachtaí, lena chinntiú go gcuirfear cúram ar fáil go héifeachtach agus go héasca d'othair agus iad ag dul tríd an gcóras sláinte.

Sular ceapadh í mar Stiúrthóir Náisiúnta, bhí an Dr Carroll ina Ceannaire Cliniciúil ar Chlár an Leighis Athshlánúcháin. Tá sí ina Comhairleoir i Leigheas Athshlánúcháin, ina hOllamh Cliniciúil Comhlach i Scoil an Leighis, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, ina hiar-Chathaoirleach ar Bhord Leighis an Ospidéil Náisiúnta Athshlánúcháin; agus ina hiar-Uachtarán ar Chumann Leighis Athshlánúcháin na hÉireann.



**An tUasal John Mulvihill**

Toghadh John ina chomhalta de Dháil Éireann idir 1992 agus 1997. Le linn a théarma oifige bhí sé mar ionadaí Rialtas na hÉireann ar Chomhairle na hEorpa, ar Chomhlacht Idirpharlaiminteach na Breataine-na hÉireann agus ar Choiste Reachtaíochta agus Slándála Dháil Éireann. Tá taithí mhór ag John freisin i gcáil breathnóir toghcháin thar lear, rud atá déanta aige níos mó ná uair amháin.

Chaith John os cionn 20 bliain mar bhall de Chomhairle Contae Chorcaí agus toghadh ina chathaoirleach/mhéara é dhá uair.



**An tUasal Aideen Carberry**

D’fhreastail Aideen Carberry ar an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, áit ar bhain sí céim amach i Stair na hEalaíne agus sa Bhéarla. Ghlac sí páirt in aontas na mac léinn nuair a bhí sí ar an ollscoil agus bhí sí gníomhach i dtaca le líon saincheisteanna óige – táillí ollscoile agus teacht ar chúram sláinte ina measc. Ghlac sí páirt i mórán feachtas le hAontas na Mac Léinn in Éirinn leis.

Tar éis di a céim a ghnóthú, d’fhreastail sí ar Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, áit ar bhain sí Máistreacht i nGnóthaí Poiblí agus Cumarsáid Pholaitiúil amach. Tá sí fós gníomhach sa pholaitíocht i dtaca le saincheisteanna ina pobal agus i ngrúpaí óige éagsúla. Tá sí ag obair faoi láthair mar eagraí tionsclaíoch i Rannóg Sláinte an cheardchumainn is mó in Éirinn, SIPTU.



**An tUasal John Lumsden**

Is céimí le heacnamaíocht ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath é John agus is iar-státseirbhíseach gairme é sa Roinn Iompair. Bhí poist shinsearacha aige sa roinn sin agus freagracht air as cúrsaí bóthair, iarnróid, muirí agus eitlíochta. Agus é ina Ard-Rúnaí Cúnta, bhí sé freagrach as reachtaíocht agus as forbairt beartais maidir le sábháilteacht ar bhóithre ar feadh roinnt blianta.

Rachaidh a chuid taithí chun leasa Bhord an RSA; tá taithí mhór aige ar an gcaidreamh idir gníomhaireachtaí stáit agus struchtúir eile an rialtais, agus ar an timpeallacht rialachais chorparáidigh, airgeadais agus dlí ina bhfeidhmíonn gníomhaireachtaí stáit.

Chuir John léiriú spéise isteach i mballraíocht bhoird an stáit tríd an gcóras a thionscain an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt in 2011.

Is ball é de Choiste Iniúchóireachta agus Riosca Bhord an RSA.



**An tUasal Aileen O’Toole**

Is stiúrthóir cairte agus straitéisí digiteach í Aileen O’Toole agus tá sí i mbun a gnó comhairliúcháin dhigitigh féin. Is iar-eagarthóir gnó í, agus chomhbhunaigh sí an nuachtán *The Sunday Business Post*.

Is stiúrthóir í Aileen ar Business in the Community, cuideachta neamhbhrabúis a chuireann freagracht shóisialta chorparáideach (FSC) chun cinn. Is iar-Stiúrthóir í ar Chambers Ireland, an líonra gnó is mó sa tír, agus ar ASH Ireland.

Chuaigh Aileen le Bord RSA in 2014 i ndiaidh di spéis a chur ann tríd an Tionscnamh um Éagsúlacht ar Bhoird, a sholáthraíonn nasc idir boird agus iarrthóirí mná. Is iad cumarsáid agus margaíocht dhigiteach a sainréimse agus rachaidh sé sin chun leasa RSA agus iad ag iarraidh a dteachtaireacht a chur ina luí ar thiománaithe óga trí na meáin shóisialta agus trí bhealaí digiteacha eile. Is ball í de Choiste Iniúchóireachta agus Riosca Bhord an RSA.

**Tháinig deireadh lena théarma 14 Meán Fómhair**



**An tUasal Sean Finan**



**An tUasal Ronan Melvin**

# Foireann Bainistíochta



**An tUasal Moyagh Murdock**
Príomhfheidhmeannach



**An tUasal Michael Rowland**
Stiúrthóir, Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe



**An tUasal Pearse White**
Stiúrthóir, Airgeadas agus Seirbhísí Tráchtála



**An tUasal Denise Barry**
Stiúrthóir, Forfheidhmiú agus Caighdeáin Feithiclí



**An tUasal Declan Naughton**
Stiúrthóir, Tástáil agus Ceadúnú Tiománaithe


# Tá misean simplí ag an RSA: na bóithre a dhéanamh níos sábháilte do chách.

*Oibríonn an RSA chun sábháilteacht ar bhóithre na hÉireann a fheabhsú mar seo a leanas:*

- Feachtais faisnéise agus oideachais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun feasacht faoi shábháilteacht ar bhóithre a mhéadú agus chun tiomáint níos sábháilte a chur chun cinn
- Caighdeáin feithicle a fheabhsú
- Caighdeán teagaisc thiománaithe a bhunú agus a mhonatóiriú
- Córas ceadúnaithe tiománaithe a mhaoirsiú agus gníomhaíochtaí forfheidhmithe áirithe a dhéanamh
- Ag obair le geallsealbhóirí le freagairt chomhordaithe a chinntiú agus lena chinntiú go n-úsáidtear ár gcomhacmhainní go críonna agus go héifeachtúil
- Taighde imbhuailte agus sábháilteachta ar bhóithre a dhéanamh d'fhonn bearta agus moltaí a fhorbairt chun sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú
- Comhairle a chur ar an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ar bheartas sábháilteachta ar bhóithre
- Dul chun cinn Straitéis an Rialtais um Shábháilteacht ar Bhóithre a chur i láthair agus a thuairisciú

# **Réamhrá** (ar lean)

## Struchtúr Eagrúcháin an RSA




*Tá an RSA eagraithe i dtrí stiúrthóireacht bhunlíne mar seo a leanas:*

- Tástáil agus Ceadúnú Tiománaithe
- Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe
- Forfheidhmiú agus Caighdeáin Feithiclí

Tacaíonn stiúrthóireacht Airgeadais agus Seirbhísí Tráchtála leis na stiúrthóireachtaí bunlíne.

### Tástáil agus Ceadúnú Tiománaithe

Tá an stiúrthóireacht um Thástáil agus Ceadúnú Tiománaithe freagrach as an gcóras tástála tiománaithe agus as an réimeas ceadúnaithe tiománaithe.

▶ faigh tuilleadh eolais ar leathanach 28

### Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe

Is é ról na stiúrthóireachta um Shábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe feasacht faoi shábháilteacht ar bhóithre a mhúscailt, úsáideoirí bóithre a oiliúint agus taighde a dhéanamh ar cheisteanna sábháilteachta ar bhóithre. Tá an stiúrthóireacht freagrach freisin as rialúchán an tionscail teagascóirí tiomána.

Oibríonn an stiúrthóireacht le gach geallsealbhóir a chláraigh le Straitéis an Rialtais um Shábháilteacht ar Bhóithre lena chinntiú go mbaintear amach tionscnaimh shábháilteachta ar bhóithre.

▶ faigh tuilleadh eolais ar leathanach 18

### Forfheidhmiú agus Caighdeáin Feithiclí

Ar stiúrthóireacht Caighdeáin Feithiclí agus Forfheidhmiú RSA atá an fhreagracht as roinnt feidhmeanna a bhaineann le sábháilteacht agus tástáil feithiclí mar aon le comhlíonadh a fheabhsú chun bainistíocht éifeachtach agus shábháilte feithiclí ar ár mbóithre a chinntiú. Tá an stiúrthóireacht freagrach chomh maith as reachtaíocht áirithe sábháilteachta ar bhóithre maidir le feithiclí tráchtála agus a gcuid tiománaithe a fhorfheidhmiú.


▶ faigh tuilleadh eolais ar leathanach 34

### Airgeadas agus Seirbhísí Tráchtála

I measc na bhfeidhmeanna tacaíochta a chuirtear ar fáil don eagraíocht tá airgeadas agus rialachas corparáideach, soláthar, acmhainní daonna, sláinte agus sábháilteacht, saoráil faisnéise, cosaint sonraí, agus bainistíocht eastáit, saoráide agus flít.

▶ faigh tuilleadh eolais ar leathanach 39

# An fhís atá againn ná go n-aithnítear muid‘mar phríomhghuth na sábháilteachta ar bhóithre go náisiúnta agus príomhghuth go hidirnáisiúnta, ag tiomáint athruithe i ndearcthaí agus in iompar úsáideoirí bóithre agus ag comhoibriú le heochair-gheallsealbhóirí chun beathaí a shábháil.’




In 2016, cuireadh Plean Corparáideach an RSA 2016-2020 i gcrích le hionchur foirne agus geallsealbhóirí chun tionchar a imirt ar straitéisí a bhfuil bun fírinne leo, atá dírithe ar an todhchaí, atá réalaíoch, inbhuanaithe agus a chuireann leis an luach do chustaiméirí. Tá Plean Corparáideach an RSA a tháinig uaidh sin tógtha ar chúig eochairthairiscint straitéiseacha. Socraíonn sé spriocanna uaillmhianacha don RSA mar eagraíocht a chinnteoidh go seachadfar an misean, le comhiarrachtaí agus comhchúnamh gach fostaí san RSA, chun beathaí a shábháil agus gortaithe a sheachaint trí líon agus déine na n-imbhuailtí a laghdú. Léiríonn sé go soiléir cén chaoi a mbainfear é seo amach agus tacaíonn gach réimse den eagraíocht leis. Ag deireadh 2016, bhí stiúrthóireacht nua á cur ar bun chun baint amach na Físe agus an Phlean Chorparáidigh 2016–2020 de chuid an RSA a thiomáint.

# Plean Corparáideach 2016–2020 (ar lean)

## Tiomnaíonn an RSA do chúig thairiscint straitéiseacha a sheachadadh:

| | | |
|---|---|---|
| 1. | Aistear comhtháite custaiméara | Faoi 2020, gheobhaidh gach custaiméir seirbhís chost-éifeachtúil, tráthúil agus ar chaighdeán níos fearr ón RSA. |
| 2 | Ár ndaoine ag croílár gach a ndéanaimid | Faoi 2020, beidh timpeallacht réamhghníomhach rannpháirtíochta fostaithe againn, le béim ar leith ar chultúr, feidhmíocht, cumarsáid inmheánach, pleanáil comharbais, oiliúint agus ar fhorbairt, a mbeidh caidrimh éifeachtacha custaiméara/páirtithe mar thoradh air, mar aon le fostaithe a chuirfaidh an RSA chun cinn amuigh sa saol. |
| 3. | Acmhainn agus cumas chun feidhmíocht a sheachadadh agus a fheabhsú | Faoi 2020, cuirfidh ár gcuid próiseas, córas agus teicneolaíochtaí seirbhísí éifeachtúla gan uaim ar fáil do chustaiméirí, foilseacháin na n-eochairtháscairí feidhmíochta (ETF) san áireamh. |
| 4. | Bearta sonraithe agus comhoibriú chun athrú a thiomáint | Faoi 2020, beidh ár straitéis rannpháirtíochta curtha i bhfeidhm againn agus leanfaimid orainn ag tógáil ár gcomhpháirtíocht leis na heochair-gheallsealbhóirí sin a bhfuil an tionchar is mó acu ar shábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú do gach úsáideoir bóithre. Baileoimid, sainscagfaimid agus úsáidfimid sonraí chun cúiseanna a nascadh go díreach le bearta ceartaitheacha ar leith chun sábháilteacht a sheachadadh do gach úsáideoir bóithre. |
| 5. | Clár oibre éifeachtach do thodhchaí an RSA | Faoi 2020, beidh clár oibre don fhás cruthaithe againn a chiallóidh go seasfaidh ár soláthar seirbhíse an aimsir, go mbeidh múnla inbhuanaithe airgeadais cruthaithe don RSA, agus go mbeidh TFC nua-aimseartha leabaithe ann. Ligfidh an méid seo d'fheidhmiú ó cheann go ceann agus d'eagraíocht fheidhmiúil. Déanfaidh an RSA a gcuid oibre go digiteach mar norm agus beidh an tslándáil fíorthábhachtach. |

## Straitéis an Rialtais um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013–2020

Tá sé de chúram ar an RSA maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme Straitéis an Rialtais um Shábháilteacht ar Bhóithre, 'An Bhearna a Dhúnadh 2013–2020'. Is é atá i gceist le 'An Bhearna a Dhúnadh' ná bóithre na hÉireann a dhéanamh chomh sábháilte leis na tíortha ar domhan is fearr ar éirigh leo, go háirithe an Ríocht Aontaithe, an Ísiltír agus an tSualainn. D'fhonn é sin a bhaint amach, is gá d'Éirinn líon na mbásanna ar bhóithre a laghdú go 124 bás in aghaidh na bliana agus gortuithe tromchúiseacha a laghdú go dtí 330 nó níos lú faoin mbliain 2020.




Tá 144 beart sa Straitéis faoi na ceithre phríomhréimse idirghabhála: Oideachas, Innealtóireacht agus Forfheidhmiú.

### Monatóireacht

Is é an Coiste Aireachta um Shábháilteacht ar Bhóithre a dhéanann maoirseacht ar chur chun feidhme Straitéis an Rialtais um Shábháilteacht ar Bhóithre. Buaileann an coiste le chéile dhá uair sa bhliain chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn na straitéise agus i measc na n-ionadaithe tá an tAire Dlí agus Cirt, an tArd-Aighne, ionadaithe ó Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí eile lena n-áirítear an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA), Cumann Bainisteoireacht Contae agus Cathrach (CCMA), Bonneagar Iompair Éireann (TII) agus an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre (MBRS).

### Measúnú Lár Téarma ar Straitéis an Rialtais um Shábháilteacht ar Bhóithre

I mí na Samhna 2016, thosaigh an RSA Measúnú Lár Téarma ar an Straitéis, ar aon dul leis na riachtanais a leagtar amach i gcomhthéacs Bheart 112.

Tugadh cuireadh do gach geallsealbhóir chuig ceardlann lae iomláin i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar 14 Samhain 2016, a d'óstáil an RSA, chun athbhreithniú foirmiúil a dhéanamh ar dhul chun cinn na hÉireann. Ghlac an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt páirt sa cheardlann freisin.


Bhí dhá phríomheilimint i gceist leis an measúnú:

- Anailís aisbhreathnaitheach ar fheidhmíocht na hÉireann ó 1 Eanáir 2013 go dtí 31 Nollaig 2016 maidir le spriocanna agus bearta a leagtar amach i Straitéis an Rialtais um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013–2020 a bhaint amach.
- Anailís ionchasach ar na bearta is gá a dhéanamh faoi 2020 chun spriocanna na hÉireann ar bhásanna agus ar ghortuithe tromchúiseacha a bhaint amach agus, mar sin, go mbeadh Éire in ann an bhearna a dhúnadh le tíortha eile le taifead níos fearr sábháilteachta ar bhóithre ná Éire.

I ndiaidh na ceardlainne, ghabh an RSA orthu féin sa phróiseas an fhaisnéis a bailíodh ar an lá a shintéisiú, agus d'aithin siad roinnt beart nua le forfheidhmiú faoi dheireadh 2020. Cuirfear tuarascáil deiridh ar an measúnú faoi bhráid an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt in 2017.

# Amhail an 31 Nollaig 2016, bhí 176 imbhualadh marfach tarlaithe ar bhóithre na hÉireann, a raibh 188 bás mar thoradh orthu. Is ionann sin agus 21 (14%) níos mó imbhuailtí agus 26 (16%) níos mó bás i gcomparáid le sonraí sealadacha na nGardaí don tréimhse chéanna in 2015*.

Is méadú gan fáilte é seo sna huimhreacha, go háirithe i gcomhthéacs an laghdú i mbásanna a chonacthas in 2015 (162) i gcomparáid le 2014 (193).





**Básanna de réir bliana, 1997 go 2016**
Foinse: Fíricí Imbhuailte an RSA, Nollaig 2016

* Tá na figiúirí sealadach agus faoi réir athruithe

## Básanna ar Bhóithre de réir Chineál Úsáideora Bóithre, 2015 vs 2016

In 2016 bhí méaduithe i mbásanna i measc tiománaithe, paisinéirí, coisithe agus rothaithe i gcomparáid le 2015.

Is ionann líon na mbásanna i measc tiománaithe agus paisinéirí agus dhá thrian de gach bás (64%) in 2016, agus is ionann líon na mbásanna i measc úsáideoirí bóithre leochaileacha (coisithe, gluaisrothaithe agus rothaithe) agus díreach os cionn aon trian (36%). Tá méadú feicthe i mbásanna tiománaithe (+12) agus paisinéirí (+11) in 2016, a léiríonn glanmhéadú i mbásanna taistealaithe feithicle ó 98 in 2015 go 121 in 2016 (+22%).





**Básanna ar Bhóithre de réir Chineál Úsáideora Bóithre, 2015 vs 2016**

Foinse: Athbhreithniú Sealadach ar Bhásanna ar Bhóithre, 2016

## Líon na mBásanna in aghaidh Milliún Duine

Tháinig laghdú ar líon na mbásanna in aghaidh milliún duine in Éirinn go leanúnach idir 2005 agus 2012. In 2005 bhí 96 bás in aghaidh milliún duine a thit go 35 bás in aghaidh milliún duine in 2012 (-64%). Idir 2012 agus 2016, áfach, méadaíodh ráta básanna na hÉireann ó 35 bás in aghaidh milliún duine go 40 bás in aghaidh milliún duine in 2016.




**Líon na mbásanna in aghaidh milliún duine in Éirinn 1997-2016**

Foinse: Fíricí Imbhuailte an RSA, Nollaig 2016

# Athbhreithniú ar Shábháilteacht ar Bhóithre 2016 (ar lean)

## Comhthéacs Sábháilteachta ar Bhóithre in 2015/2016

Lean an geilleagar ar aghaidh ag feabhsú in 2015 agus 2016 araon. Bhí méadú 17% go 141,931 ar líon na gcarranna nua príobháideacha ar ceadúnaíodh iad den chéad uair in 2016 i gcomparáid le 2015[1]. In 2016 bhí an ráta bliantúil dífhostaíochta 7.9%, thíos ó 9.5% in 2015[2]. Léiríonn na figiúirí is déanaí gur tháinig fás 5.8% ar úsáid díosail i rith 2015[3]. Léiríonn na figiúirí is déanaí gur tháinig méadú 8% ar an méid foriomlán tráchta (ciliméadair feithicle a taistealaíodh) in 2015. Thaistil feithiclí le ceadúnas Éireannach 46 billiún ciliméadar san iomlán, le gach feithicil ag taisteal 17,852 ciliméadar ar an meán in 2015[4].

**17%**


**méadú i líon na gcarranna a ceadúnaíodh in 2016 i gcomparáid le 2015**

**5.8%**

**méadú in úsáid díosail in 2016 i gcomparáid le 2015**

**8%**

**méadú sa mhéid tráchta in 2016 i gcomparáid le 2015**




**Líon na mbásanna ar bhóithre in Éirinn go dtí 31 Nollaig 2016**

Figiúirí sealadacha


1. Feithiclí a ceadúnaíodh den chéad uair, an Phríomh-Oifig Staidrimh (2016) *http://www.cso.ie/multiquicktables/quickTables.aspx?id=tea02_2*
2 Figiúirí Dífhostaíochta atá Coigeartaithe de réir Séasúir, an Phríomh-Oifig Staidrimh (2016) *http://www.cso.ie/multiquicktables/quickTables.aspx?id=mum01*
3. Fuinneamh in Éirinn 1990-2015, UFIÉ (2016). *http://www.seai.ie/Publications/Statistics_Publications/Energy_in_Ireland/Energy-in-Ireland-1990-2015.pdf pp.52*
4. Omnibus Iompair 2015, an Phríomh-Oifig Staidrimh, (2017). *http://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-tranom/to2015/rt/rt/*

## Sábháilteacht ar Bhóithre san AE: Básanna in aghaidh milliún duine san AE

San AE, maraíodh 25,500 duine in 2016, a léiríonn 50 bás in aghaidh milliún duine. Léiríonn seo laghdú 2% i mbásanna i gcomparáid le 2015. Is dúshlán fós é, áfach, an sprioc straitéiseach chun dhá leath a dhéanamh de líon na mbásanna ar bhóithre idir 2010 agus 2020 a bhaint amach[1].

In 2016, ba iad na tíortha leis an ráta básanna is ísle in aghaidh milliún duine ná an tSualainn (27), an RA (28), an Ísiltír (33), an Spáinn (37), an Danmhairg (37), an Ghearmáin (39) agus Éire (40). Tá staid na hÉireann bogtha ón gcúigiú háit in 2015 go dtí an seachtú háit in 2016.

1. Staitisticí sábháilteachta ar bhóithre: An Coimisiún Eorpach–Bileog Eolais 2016: Céard atá taobh thiar de na figiúirí, ar fáil ag: *http://europa.eu/rapid/press-release_IP-17-674_en.htm [a osclaíodh: 5 Aibreán 2017]*




**Líon na mbásanna ar bhóithre in aghaidh milliún duine-Straidreamh sealadach de réir tire le haghaidh 2016**

Foinse: An Coimisiún Eorpach- Preaseisiúint an 28 Márta 2017. Ar fáil ag: *http://europa.eu/rapid/press-release_IP-17-674_en.htm*

# Feachtais Feasachta faoi Shábháilteacht ar Bhóithre

Choimisiúnaigh an RSA trí fheachtas nua meáin chumarsáide teilifísbhunaithe in 2016 a raibh tionchar ag torthaí taighde Thuarascálacha Réamh-Thuairte an RSA ar Ghnéithe Feithicle, Alcóil agus Róluais orthu.



### Feachtas in aghaidh Tiomána faoi Thionchar Dí: Saolta Millte de Thuairt (*Crashed Lives*)

Maraíodh Ciarán Treacy a bhí ceithre bliana d'aois i dtul-imbhualadh le tiománaí ólta an 17 Aibreán 2014. Bhí a mháthair Gillian, a fear céile Ronan, na seirbhísí éigeandála a d'fhreastail ar an imbhualadh agus an fhoireann leighis a throid chun saol Chiaráin a shábháil go léir san fheachtas fógraíochta is déanaí, 'Saolta Millte de Thuairt' (*Crashed Lives*). Seoladh an fógra mar chuid d'fheachtas bliantúil Sábháilteachta ar Bhóithre na Nollag agus na hAthbhliana de chuid an RSA agus an Gharda Síochána in 2016.

Léiríonn an fógra nua teilifíse 90 soicind 'Saolta Millte de Thuairt' conas go díreach a dhéanann an tiomáint faoi thionchar dí smidiríní don mhéid sin saolta. Díríonn sé ar an tuairt inar maraíodh Ciarán Treacy agus ar na daoine eile a ndeachaigh bás Chiaráin i bhfeidhm orthu. Léiríonn sé an neasteaghlach agus iad ag iarraidh an lámh in uachtar a fháil ar an tráma fisiceach agus mothúchánach, na hoibrithe seirbhíse éigeandála, daoine a tháinig ar an láthair, altraí, an teaghlach níos leithne agus an pobal. Cuireann sé i gcuimhne dúinn nach mbaineann tuairt riamh le díreach duine amháin – bíonn tionchar uafásach ar shaolta, ar theaghlaigh agus ar phobail.

Tá an teachtaireacht simplí – stop agus smaoinigh ar Chiarán an chéad uair eile a bhfuil sé ar intinn agat tiomáint faoi thionchar dí, aimsigh bealach eile abhaile agus ná tiomáin faoi thionchar dí riamh choíche.



### Feachtas Sábháilteachta Bonn

Chun an chontúirt a bhaineann le tiomáint le boinn lochtacha a aibhsiú, (toisc a chur le 8% de thuairteanna marfacha), sheol an RSA feachtas nua cumhachtach fógraíochta teilifíse, raidió, pictiúrlainne agus ar líne dar teideal 'Greim' (*Grip)* in 2016. Is é feidhm an fhógra ná daoine a chur ar an eolas gurb iad na boinn an t-aon phointe teagmhála atá ag a gcarr leis an mbóthar. Léiríonn an fógra teilifíse fear ag cailleadh a ghreama ar gach duine atá gar dó, i bhfráma a rothlaíonn mar a dhéanann boinn – nó mar a dhéanann carr a iompaíonn i dtuairt. Léiríonn sé a bhfuil caillte ag an bhfear, rud a chuireann i gcuimhne dúinn gur gá dúinn uile ár mboinn a sheiceáil lena chinntiú nach gcaillfimid greim ar a bhfuil tábhachtach dúinn.




### Feachtas Dianaimsire

Seoladh feachtas nua raidió agus físe ar líne le Teresa Mannion ó RTÉ chun iompar sábháilte úsáideoirí bóithre le linn dianaimsire a chur chun cinn.




### Feachtas in aghaidh Róluais

Léiríonn an feachtas in aghaidh Róluais, a seoladh i nDeireadh Fómhair 2016, baol an róluais, fiú ag leibhéil ísle. An cineál róluais a dhéanann roinnt tiománaithe i ngan fhios dóibh féin fiú. An 5 km/u a thiomáineann tú ar róluas gan mheabhair a mhéadaíonn an chosúlacht faoi dhó a bheidh tú in imbhualadh marfach. Don fheachtas nua, choimisiúnaigh an RSA amhrán nua leis an ealaíontóir ceoil taifeadta Cathy Davey. Is amhrán álainn mianchumhach é a thugann mionchuntas ar na rudaí a fheiceann an tiománaí ar a aistear san fhógra teilifíse. Mar a mhéadaíonn an tiománaí an luas, áfach. Ag athrú ó 50km/u go 60, éiríonn sé níos deacra don amhránaí coinneáil suas leis na rudaí a fheictear ar an mbóthar.

Tá cuma níos tibhe agus níos tapa ar na rudaí cois bóthair – tosaíonn sé ag éirí fraochmhar agus briseann sé síos in anord go dtí an móimint dheireanach. Nuair a bhuaileann an tiománaí cailín óg.

'Nuair a thiomáineann tú róthapa, ní féidir leat coinneáil suas leis an mbóthar' ('*When you're going too fast, you can't keep up with the road*'), a léimid. 'Moilligh.' ('*Slow down*')

# Na Meáin Shóisialta

Tá láithreacht láidir ag an RSA ar na meáin shóisialta ar chúig ardán meán sóisialta éagsúla. Tá láithreacht bhunaithe ar Facebook, Twitter agus YouTube le cuntais don RSA agus don tástáil tiomána araon. Chuaigh an RSA ar Instagram agus Snapchat in 2015 chun dul i dteagmháil go héifeachtach le lucht féachana níos óige. Úsáideann an RSA na meáin shóisialta chun teachtaireachtaí tráthúla faoi shábháilteacht ar bhóithre a chur ar fáil dár lucht féachana éagsúla, chun ceisteanna an phobail a fhreagairt go héifeachtúil agus chun aiseolas a fháil faoinár gcuid seirbhísí agus feachtas.


| | |
|---|---|
| **Facebook**<br>RSA Éireann<br>Tástáil Tiomána RSA | *Nollaig 2016*<br>117,515 is maith liom |
| **Twitter**<br>RSA Éireann<br>Tástáil Tiomána RSA | *Nollaig 2016*<br>15,683 leantóir |
| **Youtube**<br>RSA Éireann | *Chuaigh isteach*<br>Feabhra 2011 |
| **Instagram**<br>RSA Éireann | *Chuaigh isteach*<br>Meitheamh 2016 |
| **Snapchat**<br>RSA Éireann | *Chuaigh isteach*<br>Nollaig 2016 |

I measc na ngnéithe nua a tugadh isteach ar na meáin shóisialta in 2016 tá físeán beo agus físeán 360 céim. Úsáideadh físeán beo le haghaidh imeachtaí agus seoltaí chun an deis a thabhairt don phobal i gcoitinne dul i dteagmháil lenár gcuid imeachtaí san fhíor-am. Mar shampla, bhí beoshruth de léiriú Christy Moore chun an Lá Domhanda i gCuimhne ar Dhaoine a d'Fhulaing de dheasca Timpistí ar Bhóithre, i Scabhat Smock, Baile Átha Cliath i mí na Samhna 2016.




*Shroich an beoshruth dár n-imeacht Lá Domhanda Cuimhní 27,000 duine*

I measc na mbuaicphointí eile meán sóisialta in 2016 bhí an promóisean tuirse tiománaithe dár dtabhartas caifé in aisce le Applegreen ag na deiridh seachtaine saoire bainc, postálacha seachtainiúla Seiceáil an Feistiú (*Check it Fits*), agus an seoladh dár bhfeachtas 'Saolta Millte de Thuairt: #ForCiarán'.




*Cloiseann 40% de na daoine a fhreastalaíonn ar na himeachtaí Seiceáil an Feistiú fúthu ar na meáin shóisialta*

Rath eile meán sóisialta in 2016 ná an feachtas 'Cuimhní Facebook' a raibh sé mar aidhm aige tiománaithe óga a oiliúint ar na contúirtí a bhaineann le húsáid an fhóin phóca le linn tiomána.




*Fuair ár bhfís cuimhní Facebook aiseolas den scoth agus breis is 605,000 amharc*





*Fuair an fógra Saolta Millte de Thuairt '#ForCiarán' 41% rannpháirtíocht orgánach do mhí na Nollag 2016, le 843,000 amharc ar Facebook amháin*

# Feachtais Feasachta ar Shábháilteacht ar Bhóithre (ar lean)

## Feachtais Teilifíse RSA: Feasacht Spreagtha 2016

Bonn: Gach tiománaí

An céatadán freagróirí a mhaíonn go bhfaca siad na fógraí tar éis dóibh cineál éigin ábhar spreagtha a fheiceáil.




Foinse: Behaviour and Attitudes, 2016

* úsáid íseal TVR

## Feachtas Saolta Millte de Thuairt 2016: Tionchar Fógraíochta/Athrú Iompraíochta

Bonn: Gach tiománaí n–751

Luacháiltear an feachtas Saolta Millte de Thuairt 2017 go fíordhearfach ag tiománaithe; sáraíonn comhaontú le bearta athraithe iompair an fheachtais Meán Tagarmhairc an RSA faoi 10–15% ar gach critéar. Ceapann 98% de thiománaithe go bhfuil an feachtas éifeachtach maidir leis an teachtaireacht seo a chur in iúl: *'Mar aon leis na daoine atá bainteach go díreach le tuairt bóthair, d'fhéadfaí iarmhairtí tuairte a bheith millteach do réimse leathan daoine.'*

**Tá sé níos dóichí anois go smaoineoidh mé ar...**

| | Aontaigh go Láidir % | Aontaigh Beagán % | Meán RSA 2011-2017 Aontaigh go Láidir % |
|---|---|---|---|
| Iarmhairtí tuairte bóthair orm féin | 75 | 20 | 64 |
| Iarmhairtí tuairte bóthair ar dhaoine eile | 79 | 16 | 64 |
| Tá na daoine a thiomáineann faoi thionchar dí ag cur iad féin agus daoine eile i mbaol | 80 | 16 | 64 |
| Tá sé do-ghlactha ól agus tiomáint ar chúinse ar bith | 78 | 16 | 64 |

**Tar éis dom an fógra seo a fheiceáil...**

| | Aontaigh go Láidir % | Aontaigh Beagán % | Meán RSA 2011-2017 Aontaigh go Láidir % |
|---|---|---|---|
| Beidh mé níos cúramaí ag tiomáint ar an mbóthar | 75 | 19 | 64 |
| Tá sé níos dóichí nach rachaidh mé sa seans le deoch nó dhó roimh thiomáint | 75 | 12 | 64 |
| Ní ólfaidh mé braon alcóil sula dtiomáinim | 76 | 12 | 64 |
| Molfaidh mé do mo chairde agus mo theaghlach gan aon alcól a ól sula dtiomáineann siad | 78 | 15 | 64 |

## Dámhachtainí buaite d'fheachtais in 2016

Bhuaigh an RSA ceithre dhámhachtain ag dámhachtana an Institute of Creative Advertising and Design (ICAD) 2017 le haghaidh trí cinn dá bhfeachtais 2016: Saolta Millte de Thuairt (*Crashed Lives*), Ná Caill do Ghreim (*Never Let Go*), agus Róluas Uirbeach (*Urban Speeding*). Is ceann de na príomhscéimeanna dámhachtana fógraíochta in Éirinn iad na dámhachtainí ICAD. Bunaíodh iad chun barr feabhais chruthaithigh i bhfógraíocht agus i ndearadh na hÉireann a aithint.

Bhuaigh feachtas an RSA Saolta Millte de Thuairt, 'For Ciarán', Gold Bell annamh, agus dúirt an giúiré: 'This work is so good, you can't bear to look at it.'

Bhuaigh an RSA Silver as úsáid an cheoil i Róluas Uirbeach, agus Bronze don fhógra Sábháilteachta Bonn: 'Ná Caill do Ghreim.'

Bhuaigh an RSA an acaláid mhórthaibhseach 'Client of the Year', agus rinne ICAD cur síos ar saothar an RSA mar 'genre-defining and life-saving.'

# Taighde ar Shábháilteacht ar Bhóithre

## Pre-crash Study: contributory factors in fatal collisions

In 2016, d'fhoilsigh an RSA sraith tuarascálacha a bhí bunaithe ar ghrinnanailís de 867 comhad imscrúduithe an Gharda Síochána le haghaidh imbhuailtí marfacha idir 2008 agus 2012.

Is féidir teacht ar na tuarascálacha seo ag *http://www.rsa.ie/en/RSA/Road-Safety/Our-Research/Collision-Statistics/.*

*Léirigh torthaí na staidéar seo é seo a leanas:*

Bhí baint ag róluas le 32% d'imbhuailtí marfacha laistigh den tréimhse staidéir.

Bhí tiománaí nó gluaisrothaí amháin ar a laghad faoi thionchar alcóil roimh an imbhualadh i 29% den 867 imbhualadh iomlán.

Bhí coisí a d'ól alcól i gceist le 9%.

Bhí staid na mbonn luaite in 8% d'imbhuailtí le feithicil innealta agus iad bainteach go hiomlán nó go páirteach leis an imbhualadh.

Ón 93 imbhualadh gluaisrothair sa staidéar, luadh luas le 49% agus alcól le 29% mar ghnéithe rannpháirteacha.

Foinsí: RSA Pre-Crash Report on Fatal collisions 2008–2012 Excessive speed as a factor, Aibreán 2016; SA Pre-Crash report on Fatal Collisions 2008–2012 Vehicle Factors, Aibreán 2016; RSA Pre-Crash Report on Fatal Collisions 2008–2012 Alcohol as a factor, Meitheamh 2016; RSA Pre-Crash Report on Fatal Collisions 2008–2012 Motorcyclists, Deireadh Fómhair 2016.

## Staidéar an Bhoird Taighde Sláinte/an Innéacs Náisiúnta Básanna le Drugaí

In 2016 leanadh leis an gcomhoibriú rathúil idir an RSA agus an Bord Taighde Sláinte (BTS) i bhfoirm staidéir ar na gnéithe rannpháirteacha a raibh tionchar acu ar imbhuailtí. Bunaíodh é ar anailís de chomhaid chróinéara dúnta. Is síneadh é an obair seo ar an Innéacs Náisiúnta Básanna le Drugaí (INBD). In 2016, bailíodh sonraí ó chomhaid chróinéara dúnta a bhí ar fáil do bhásanna a tharla in 2015.

Leis sin, d'fhoilsigh an RSA tuarascáil achomair de bhásanna 2014 ón staidéar seo. Ba é líon iomlán na mbásanna a tharla in 2014 ná 193, de réir taifead oifigiúil an RSA, agus bhí faisnéis ar fáil sa staidéar seo ar 136 bás (71%). Thaispeáin torthaí ó thástálacha tocsaineolaíochta go raibh baint ag alcól le beagnach trian (31%) den 136 bás in 2014.

Foinse: An tInnéasc Náisiúnta Básanna le Drugaí (INBD) an Bhoird Taighde Sláinte ar son an RSA, 2016.

### Staidéar Fadaimseartha na hÉireann ar Aosú (TILDA), Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

Is staidéar mórscála fadaimseartha é Staidéar Fadaimseartha na hÉireann ar Aosú (TILDA) atá ionadaíoch go náisiúnta ar aosú in Éirinn. Chomhoibrigh Roinn Taighde an RSA agus TILDA ar staidéar faoi thionchar an aosaithe agus faoi na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist d'iompar úsáideoirí bóithre.

### Suirbhé Eorpach ar Mheonta Úsáideoirí Bóithre (ESRA)

Is comhthionscnamh é an tionscadal ESRA d'eagraíochtaí taighde agus institiúidí sábháilteachta ar bhóithre sna 17 tír Eorpacha. Is é Institiúid Sábháilteachta ar Bhóithre na Beilge an phríomheagraíocht agus is ceann d'eagraíochtaí comhpháirtithe é an RSA sa staidéar seo. Is é an aidhm atá leis ná sonraí (idir)náisiúnta inchomparáide a bhailiú ar thuairimí, meonta agus iompar úsáideoirí bóithre maidir le rioscaí tráchta bóithre. Eisíodh torthaí ón gcéad staidéar ESRA in 2016. San iomlán, bailíodh sonraí ó bhreis is 17,000 úsáideoir bóithre, lena n-áirítear 1,000 úsáideoir bóithre Éireannacha agus tá na torthaí le fáil ag: www.esranet.eu.

### Staidéir Bhreathnaitheacha

Déanann an Roinn Taighde sraith staidéar breathnaitheach rialta chun treochtaí in iompar úsáideoirí bóithre a mhonatóiriú. Staidéir náisiúnta a rinneadh in 2016 ba iad seo a leanas:

- Saorluas Feithiclí
- Úsáid criosanna sábhála ag tiománaithe agus ag paisinéirí
- Úsáid fón póca ag tiománaithe
- Soilse lochtacha ar fheithiclí
- Mí-úsáid lampaí ceo ag feithiclí
- Rátaí caite éadaí sofheicthe agus clogaid ag rothaithe agus ag gluaisrothaithe
- Comhlíonadh rothaithe le soilse tráchta

### Idirchaidreamh Idirnáisiúnta

Comhoibríonn Roinn Taighde an RSA le heagrais éagsúla idirnáisiúnta um shábháilteacht ar bhóithre trí pháirt a ghlacadh i staidéir thaighde, freastal ar chruinnithe agus faisnéis a mhalartú. I measc na ngrúpaí seo tá an Ard-Stiúrthóireacht um Shoghluaiseacht agus Iompar (DG MOVE) den Choimisiún Eorpach, Fóram Institiúidí Eorpacha um Shábháilteacht ar Bhóithre (FERSI); an ECFE – Fóram Idirnáisiúnta Iompair; an Bunachar Timpistí Tráchta Bóthair Idirnáisiúnta (IRTAD); agus Comhairle Sábháilteachta Iompair na hEorpa (ETSC). Freisin, in 2016, rinne an Roinn Taighde dhá léiriú do Líonra Eorpach na bPóilíní Tráchta (TISPOL).

### Comhdháil Idirnáisiúnta ar Theicneolaíocht 'iSafer'

D'óstáil an RSA a gComhdháil Idirnáisiúnta ar Shábháilteacht ar Bhóithre 2016 dar teideal 'iSafer' ag Caisleán Bhaile Átha Cliath an Déardaoin 28 Aibreán. An téama a bhí ag an gcomhdháil ná Oiriúnú Luais (*Speed Adaption*). Bhí cainteoirí ann ón tSualainn, ón nGearmáin, ón RA agus ó Éirinn.

### Léacht Acadúil

Mar chuid de Sheachtain Sábháilteachta ar Bhóithre 2016, d'óstáil an RSA léacht acadúil an 3 Deireadh Fómhair. An téama a bhí aige ná sábháilteacht gluaisrothaíochta. Rinneadh dhá léiriú a bhí bunaithe ar thuarascálacha a foilsíodh le déanaí. Ceann amháin acu ar iompar réamhthuairte a chuireann le himbhuailtí marfacha gluaisrothaithe a cuireadh i láthair ag Maggie Martin, an RSA, agus breithmheas ar chúrsaí ard-oiliúna do ghluaisrothaithe a cuireadh i láthair ag an Dr Saskia de Craen, SWOV sa tSualainn. Lena chois sin, chuir ball an bhoird, an Dr Áine Carroll, an topaic d'imbhuailtí gluaisrothair agus na hiarmhairtí – tuairim leighis – i láthair.

## Achoimre ar Eochair-Thorthaí na Staidéar Breathnaitheach

| Staidéar Breathnaitheach ar | Úsáideoirí Bóithre | 2016 |
|---|---|---|
| **Gluaisrothaithe** | Rátaí Caite Éadaí Sofheicthe (ar bith) | **45%** |
| | Rátaí Caite Clogad | **99.9%** |
| **Gach Rothaí (poiblí & príobháideach)** | Rátaí Caite Éadaí Sofheicthe (ar bith) | **32%** |
| | Rátaí caite clogad | **38%** |
| | Úsáid fón póca | **0.3%** |
| | Úsáid cluasán | **8%** |
| | Comhlíonadh soilse tráchta | **13%** |
| **Feithiclí Innealta/ Tiománaithe & Paisinéirí** | Soilse lochtacha | **6%** |
| | Mí-úsáid lampaí ceo | **11%** |
| | Úsáid fón póca | **6%** |
| | Úsáid criosanna sábhála (gach duine fásta, .i. tiománaithe agus paisinéirí) | **91%** |
| | Crios sábhála (páistí amháin) | **88%** |

# Oideachas um Shábháilteacht ar Bhóithre

### Seiceáil an Feistiú – seirbhís forleitheadach seiceála creasa sábhála leanaí an RSA

**7,137**
seiceálacha

**154**
ionaid

### Ciall Sráide – acmhainn idirghníomhach bunscoile an RSA



**12,875**
cuairteoirí

**116**
scoileanna

### Tointeáil – aonad soghluaiste idirghníomhach sábháilteachta ar bhóithre an RSA



**69,369**
cuairteoirí

**90**
imeachtaí

### Ionsamhlóir iomlasctha chun caitheamh creasa sábhála a chur ina luí ar dhaoine




**25,843**
rannpháirtithe

**113**
imeachtaí

### Dáileadh Éadaí Sofheicthe



| | | | |
|---|---|---|---|
| **193,436** veist shofheicthe daoine fásta | **199,374** bandaí muinchille sofheicthe | **37,017** clúdaigh málaí droma | **20,724** soilse rothair |
| **210,035** veist shofheicthe leanaí | **49,015** málaí sreangáin tarraingthe | **13,425** bibí reatha | **16,587** criosanna Sam Browne |

### Bileog agus bróisiúr sábháilteachta ar bhóithre, marsantú agus dáileadh



**421,355**
bróisiúir a dáileadh

**10,766**
cuairteanna marsantaithe

### Seirbhís Náisiúnta Oideachais um Shábháilteacht ar Bhóithre



**9,300**
clár oideachais a cuireadh ar fáil

**6,202**
uaireanta teagmhála a cuireadh ar fáil

### Marsantú d'Ábhair RSA

- Tá seastáin marsantaithe suite i 536 foirgneamh poiblí lena n-áirítear oifigí an RSA, oifigí Mótarchánach, stáisiúin na nGardaí, leabharlanna, ionaid TNG, NDLS, CVRT agus Tástála Tiomána, cógaslanna, ionaid Advance Pitstop, garáistí SIMI, stáisiúin Bhus Éireann agus stáisiúin seirbhíse Applegreen ar an N4 siar.
- Na cúig bhróisiúr is mó a bhfuil éileamh orthu – Tiomáint ar Mhótarbhealaigh, Sábháilteacht Leanaí i gCarranna, Sábháilteacht Rothair, Feithiclí Éigeandála.

### Oiliúint Rothair

Cuireann an RSA fóirdheontas ar fáil d'údaráis áitiúla le haghaidh oiliúna rothair. In 2016, fuair 374 scoil oiliúint, 16,174 páiste a rinne an clár san áireamh.

### Maor Scoile Sóisearach

Thug an RSA ranníocaíocht d'údaráis áitiúla do Scéim na Maor Scoile Sóisearach. Tá an tseirbhís maor grúpa ceaptha le saoráidí trasnaithe sábháilte a chur ar fáil gar do bhunscoileanna i mbailte tuaithe agus i gcathracha níos lú. Ghlac fiche scoil páirt i Scéim na Maor Scoile Sóisearach agus tugadh oiliúint do 461 dalta.

# Oideachas Tiománaithe faoi Shábháilteacht ar Bhóithre

### Teagascóirí Tiomána Formheasta (ADInna)

Ón 30 Aibreán 2009 i leith is tionsclaíocht rialaithe é teagasc tiomána in Éirinn. Clúdaíonn na rialacháin caighdeán teagaisc, na scrúduithe atá le déanamh chomh maith le pionóis as sáruithe na ndlíthe.

Chun bheith ag obair mar theagascóir tiomána in Éirinn, caithfidh teagascóir bheith ar Chlár RSA de Theagascóirí Tiomána Formheasta (ADI) agus ceadúnas Teagascóra Tiomána Formheasta (ADI) a thaispeáint. Déanann an RSA measúnú ar gach teagascóir chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil na nithe a leanas mar is gá acu:

- Eolas ar rialacha an bhóthair agus ar shábháilteacht ar an mbóthar
- Cumas tiománaí
- An cumas tiománaí faoi oiliúint a theagasc

Amhail an 31 Nollaig 2016, bhí 1,741 Teagascóir Tiomána Formheasta (ADI) san iomlán. Astu siúd tá 1,597 cáilithe chun Oiliúint Riachtanach do Thiománaithe (EDT) a sholáthar do thiománaithe faoi oiliúint.

### Bunoiliúint Tosaigh (IBT) do Ghluaisrothaithe

An cúrsa oiliúna éigeantach ina dteagasctar bunscileanna gluaisrothaíochta do ghluaisrothaithe foghlama is ea Bunoiliúint Tosaigh (IBT). Tá an cúrsa mar chuid de scéim an RSA um cheadúnú tiomána forchéimnitheach (GDL) agus is é is aidhm dó feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre. Cúrsa 16 huaire is ea an IBT Bhunúsach agus cuirtear ar fáil í i gceithre mhodúl ar leith atá le críochnú de réir oird.

Tháinig méadú ar líon na n-ionad oiliúna formheasta IBT go 86 ceann agus is é an líon teagascóirí gluaisrothair formheasta anois ná 128, ar oiliúnóirí IBT iad 98 acu.

### Oiliúint Riachtanach do Thiománaithe (EDT)

Ó tugadh isteach é tá 2.6 milliún ceacht EDT tugtha do bhreis agus 210,000 tiománaí faoi oiliúint. San am i láthair, tá 1,597 ADI ag tabhairt ceachtanna EDT d'fhoghlaimeoirí ar fud na tíre.

Ba é líon na gceachtanna EDT a cuireadh i gcrích le linn 2016 ná breis is 650,000.

### Deimhniú ar Inniúlacht Ghairmiúil Tiománaithe (IGT Tiománaithe)

Tá dualgas ar gach tiománaí bus agus trucaile (daoine arb í an tiomáint an tslí bheatha atá acu) an cháilíocht IGT Tiománaithe atá acu a choinneáil trí oiliúint thréimhsiúil aon lae (seacht n-uaire) a chur i gcrích gach bliain ina dtéitear siar ar a bhfuil foghlamtha acu cheana.

Tá 103 eagraíocht oiliúna formheasta IGT le 289 ionad oiliúna formheasta agus 929 oiliúnóir IGT formheasta timpeall na tíre.

Tá níos mó ná 516,000 lá oiliúna (suas go deireadh mhí na Nollag 2016) curtha i gcrích ó tugadh isteach IGT Tiománaithe, le 53,327 lá oiliúna curtha i gcrích in 2016.

Le linn 2016 rinneadh 4,653 tástáil cás-staidéir teoirice IGT Tiománaithe ar fad.

Chríochnaigh 39,010 tiománaí aonair gairmiúil a n-oiliúint thréimhsiúil bhliantúil agus choimeád siad a gcáilíocht IGT i rith 2016.

**Teagascóirí Tiomána Formheasta ag 31 Nollaig 2016**
**1,741**

**breis is**
**650,000**
**ceachtanna EDT curtha i gcrích i rith 2016**

**Oiliúnóirí IGT cáilithe in Éirinn**
**929**

# Buaicphointí ó 2016




Taispeántas Eolaí Óg BT

Seoladh físeáin faisnéise ar shábháilteacht ar chabhsáin




Seoladh na tuarascála réamhthuairte ar alcól

**Eanáir** | **Feabhra** | **Márta** | **Aibreán** | **Bealtaine** | **Meitheamh**



Seoladh na tuarascála réamhthuairte maidir le gnéithe feithicle agus feachtas sábháilteachta bonn

Seoladh físeán fáisnéise maidir le sábháilteacht ag crosairí comhréidh

Seoladh físeán fáisnéise maidir le sábháilteacht do rothaithe i gcaochspotaí

Seoladh na tuarascála réamhthuairte ar luas

Comhdháil Idirnáisiúnta ar Luas



An Sirriam Crios Sábhála agus na dámhachtainí Hi Glo Silver

Feachtas an RSA do dheireadh seachtaine saoire bainc mhí an Mheithimh/caifé in aisce la Applegreen




Feachtas an RSA do dheireadh seachtaine saoire bainc mhí na Bealtaine/caifé in aisce la Applegreen

## Iúil

Seoladh fheachtas sábháilteachta ar bhóithre an samhraidh

## Lúnasa




Feachtas don Scoilbhliain nua le líonraí ESB

Feachtas an RSA do dheireadh seachtaine mhí Lúnasa/caifé in aisce le Applegreen

## Meán Fómhair

Feachtas Edward na hEorpa i gcomhar le TISPOL agus An Garda Síochána



An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta

## Deireadh Fómhair

Seachtain Sábháilteachta ar Bhóithre na hÉireann




Lá 'Beep beep'

Seoladh Feachtas in aghaidh Róluais

Feachtas an RSA do dheireadh seachtaine saoire bainc Mhí Dheireadh Fómhair /caifé in aisce le Applegreen



Léacht Acadúil-Seoladh na tuarascála réamhthuairte maidir le himbhuailtí marfacha gluaisrothair

## Samhain



Lá Domhanda i gCuimhne ar Dhaoine a d'Fhulaing de dheasca Timpistí ar Bhóithre

Seoladh fheachtas drochaimsire le Teresa Mannion

## Nollaig

Seoladh fheachtas 'Saolta Millte de Thuairt' le muintir Treacy



Seoladh Dámhachtainí 'Leading Lights' maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre




Lá Náisiúnta Éadaí Sofheicthe 21 Nollaig

# Tástáil agus Ceadúnú





## Tástáil Teoirice Tiomána 2016

Sa tábla thíos tá líon na dtástálacha teoirice tiomána a rinneadh in 2016 agus na torthaí ábhartha a bhí orthu.

| | | 2016 |
|---|---|---|
| | % Áirithintí ar Líne | **85.23** |
| | Líon tástálacha a sceidealadh | **122,448** |
| | Líon tástálacha a rinneadh | **110,055** |
| | Líon tástálacha ina bhfuarthas pas | **80,811** |
| | Líon tástálacha inar theip ar an iarrthóir | **29,244** |

dtt RSA
Tástáil Teoirice Tiomána
Driver Theory Test

In 2016, rinneadh díreach breis is 110,000 tástáil teoirice tiomána.




**Líon tástálacha teoirice tiomána a sceidealadh/a rinneadh in 2016** ● Líon tástálacha a sceidealadh ● Líon tástálacha a rinneadh

## Tástáil Tiománaithe – Achoimre ar Ghníomhaíocht ó Eanáir go Nollaig 2016

| | |
|---|---|
| Líon iarratas a fuarthas | 166,149 |
| Líon tástálacha a rinneadh | 114,399 |
| Iarratasóirí nár fhreastail ar choinne | 21,536 |
| Líon nár chomhlíon coinníoll riachtanach chun an tástáil a dhéanamh | 6,114 |
| Tástálacha nár críochnaíodh | 2,302 |
| Líon iomlán na dtástálacha a tairgeadh | 144,351 |
| Meán-aga feithimh le haghaidh tástála ag deireadh na bliana | 12 seachtaine |
| Pasráta | 54% |

# Tástáil agus Ceadúnú Tiománaithe (ar lean)

## Tástáil Tiománaithe – Achoimre ar Ghníomhaíocht ó Eanáir go Nollaig 2016 (ar lean)

Is clár 12 cheacht tiomána é EDT nach mór do shealbhóirí nua ceadúnas foghlaimeora a dhéanamh. Baineann EDT le tiománaithe cairr amháin.

### Toradh tástálacha tiomána a rinne iarrthóirí nuair nach raibh Oiliúint Riachtanach do Thiománaithe (EDT) acu

Pas
43.88%

Teip
56.12%

| | | |
|---|---|---|
| **Líon Iomlán na dTástálacha** | **47661** | **100%** |
| **Tástálacha a Críochnaíodh (pas agus teip)** | 26969 | 56.58% |
| **Nár Tháinig** | 17362 | 36.43% |
| **Nach nDearnadh** | 2416 | 5.07% |
| **Tástálacha nár críochnaíodh** | 914 | 1.92% |

### Toradh tástálacha tiomána a rinne iarrthóirí nuair a chríochnaigh siad ceachtanna d'Oiliúint Riachtanach do Thiománaithe (EDT)

Pas
52.62%

Teip
47.38%

| | | |
|---|---|---|
| **Líon Iomlán na dTástálacha** | **78860** | **100%** |
| **Tástálacha a Críochnaíodh (pas agus teip)** | 71669 | 90.88% |
| **Nár Tháinig** | 3007 | 3.81% |
| **Nach nDearnadh** | 3112 | 3.95% |
| **Tástálacha nár críochnaíodh** | 1072 | 1.36% |

| Ionad Tástála | Meán-aga feithimh Gnáth-Chairr (catagóir B) ag deireadh na Nollag 2016 |
|---|---|
| Baile Átha Luain, | 11.6 An méid cúitimh |
| Béal an Átha | 12.7 |
| Biorra | 13.9 |
| Bun Cranncha | 13.0 |
| Ceatharlach | 14.7 |
| Cora Droma Rúisc | 15.4 |
| Caisleán an Bharraigh | 11.1 |
| An Cabhán | 11.8 |
| Baile an Teampaill | 9.6 |
| An Clochán | 11.8 |
| Cluain Meala | 14.7 |
| Corcaigh | 12.7 |
| Dún na nGall | 12.3 |
| Dún Laoghaire (ionad dúnta ón 11 Meitheamh 2016) | |
| Dún Dealgan | 10.1 |
| Dún Garbhán | 12.5 |
| Inis | 16.1 |

| Ionad Tástála | Meán-aga feithimh Gnáth-Chairr (catagóir B) ag deireadh na Nollag 2016 |
|---|---|
| Fionnghlas | 9.5 |
| Gaillimh | 15.1 |
| Guaire | 14.8 |
| Cill Chainnigh | 15.2 |
| Cill Airne | 8.6 |
| Cill Rois | 12.6 |
| Leitir Ceanainn | 14.0 |
| Luimneach | 12.5 |
| An Longfort | 13.7 |
| Baile Locha Riach | 15.6 |
| Mala | 14.0 |
| Muineachán | 12.4 |
| An Muileann gCearr | 11.2 |
| An Nás | 12.8 |
| An Uaimh | 10. 7 |
| An tAonach | 17.0 |
| An Caisleán Nua | 15.4 |
| Port Laoise | 12.9 |


| Ionad Tástála | Meán-aga feithimh Gnáth-Chairr (catagóir B) ag deireadh na Nollag 2016 |
|---|---|
| Ráth Eanaigh | 8.0 |
| Ráth Garbh (ionad dúnta ón 16 Eanáir 2016) | |
| Ros Comáin | 13.3 |
| Sionainn | 11.2 |
| An Sciobairín | 13.4 |
| Sligeach | 16.1 |
| Tamhlacht | 12.6 |
| Durlas | 12.9 |
| Tiobraid Árann | 9.6 |
| Trá Lí | 12.6 |
| Tuaim | 11.8 |
| An Tulach Mhór | 12.1 |
| Port Láirge | 12.6 |
| Loch Garman | 11.2 |
| Cill Mhantáin | 13.2 |
| **Iomlán** | **12.0** |

## An tSeirbhís Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána (SNCT)

In 2016, fuarthas 556,439 iarratas agus eisíodh 574,199 ceadúnas; áirítear leis sin ceadúnais iomlána agus ceadúnais foghlaimeora.

**Láncheadúnas eisithe**
**387,790**

**Ceadúnas foghlaimeora eisithe**
**186,409**




**Líon na gceadúnas a eisíodh in 2016** ● Ceadúnais Tiomána ● Ceadúnais Foghlaimeora

**97.6%**
**d'iarratais a próiseáladh laistigh de thrí lá**



# Tástáil agus Ceadúnú Tiománaithe (ar lean)

## An tSeirbhís Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána (SNCT) (ar lean)

### Ceadúnais Tiomána Reatha an 31 Nollaig 2016 de réir Cineáil i ngach Contae


| Údarás Ceadúnúcháin – An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre | Ceadúnas Foghlaimeora | Ceadúnais Bhliantúla | Ceadúnais Thríbhliantúla | Ceadúnais 10 mBliana | Líon Iomlán (Ceadúnais) |
|---|---|---|---|---|---|
| Ceatharlach | 3,704 | 183 | 3,247 | 31,043 | **38,177** |
| An Cabhán | 4,313 | 164 | 4,321 | 37,828 | **46,626** |
| An Clár | 5,819 | 317 | 7,802 | 64,507 | **78,445** |
| Corcaigh | 27,805 | 1,288 | 31,903 | 271,308 | **332,304** |
| Dún na nGall | 7,281 | 482 | 9,994 | 81,284 | **99,041** |
| Baile Átha Cliath | 71,083 | 2,968 | 64,912 | 562,276 | **701,239** |
| Gaillimh | 12,204 | 525 | 14,519 | 131,223 | **158,471** |
| Ciarraí | 7,271 | 330 | 10,220 | 78,166 | **95,987** |
| Cill Dara | 12,531 | 370 | 9,473 | 109,510 | **131,884** |
| Cill Chainnigh | 5,559 | 355 | 5,717 | 48,298 | **59,929** |
| Laois | 4,604 | 265 | 3,871 | 37,909 | **46,649** |
| Liatroim | 1,587 | 120 | 2,231 | 17,480 | **21,418** |
| Luimneach | 9,502 | 581 | 11,442 | 97,801 | **119,326** |
| An Longfort | 2,274 | 75 | 2,545 | 19,776 | **24,670** |
| Lú | 6,754 | 291 | 6,372 | 59,199 | **72,616** |
| Maigh Eo | 6,473 | 360 | 9,081 | 70,066 | **85,980** |
| An Mhí | 10,074 | 342 | 9,257 | 97,886 | **117,559** |
| Muineachán | 2,925 | 185 | 3,622 | 33,462 | **40,194** |
| Uíbh Fhailí | 4,302 | 273 | 4,232 | 39,090 | **47,897** |
| Ros Comáin | 3,041 | 183 | 4,699 | 34,403 | **42,326** |
| Sligeach | 2,899 | 263 | 4,485 | 34,769 | **42,416** |
| Tiobraid Árann | 9,436 | 528 | 10,960 | 83,514 | **104,438** |
| Port Láirge | 6,347 | 239 | 7,388 | 58,687 | **72,661** |
| Iarmhí | 5,087 | 215. | 4,904 | 44,955 | **55,161** |
| Loch Garman | 8,762 | 766 | 9,643 | 76,663 | **95,834** |
| Cill Mhantáin | 8,020 | 420 | 8,354 | 72,486 | **89,280** |
| **Iomlán** | **249,657** | **12,088** | **265,194** | **2,293,589** | **2,820,528** |
| Méadaithe ón 31 Nollaig 2015 | 9,215 | 859 | 11,539 | 34,846 | 56,459 |

## Caighdeán Tiomána Seirbhísí Éigeandála

Is caighdeán tiomána é Caighdeán Tiomána Seirbhísí Éigeandála (CTSÉ) atá forbartha do thiománaithe seirbhísí éigeandála in Éirinn.

Sa chaighdeán tugtar aird ar na cúinsí ardbhrú ar leith faoina n-oibríonn tiománaithe seirbhísí éigeandála agus cuirtear oiliúint ar thiománaithe chun déileáil leis na cúinsí sin agus iad a bhainistiú.

Ar lean ó fhoirmiú agus bunú Chéim 1 an CTSÉ, tá Céim 2 an CTSÉ tugtha isteach ag an RSA, a ligeann d'eagraíochtaí príobháideacha agus deonacha seirbhísí éigeandála a bhfuil spéis acu páirt a ghlacadh in CTSÉ.




**Líon na ndeimhnithe Tiomána CTSÉ a eisíodh in 2016**

## Painéal Oibre CTSÉ

Cuireadh painéal oibre ar bun le baill ó:

An Stiúrthóireacht Náisiúnta um Dóiteáin agus Bainistíocht Éigeandála
National Directorate for Fire & Emergency Management

# Caighdeáin agus Tástálacha Feithiclí




## Caighdeáin Feithiclí–Forbhreathnú 2016

Le linn 2016, bhí dul chun cinn suntasach i réimse na gcaighdeán agus tástálacha feithiclí, rud a chur le hiarrachtaí an RSA riocht agus caighdeáin sábháilteachta feithiclí in Éirinn a fheabhsú.

Tá an cúram ag foireann Caighdeán Feithiclí (CF) an RSA caighdeáin náisiúnta feithiclí agus beartais theicniúla ródacmhainneachta a fhorbairt. Cuireann an fhoireann faisnéis theicniúil shaineolaíoch ar fáil don tionscal agus don phobal i gcoitinne.

## Caighdeáin Feithiclí–Forbhreathnú 2016 (ar lean)

In 2016, thug CF a straitéis chun críche i gcomhar na mblianta amach romhainn. Tabharfaidh an straitéis tús áite d'fhorfheidhmiú éifeachtach de reachtaíocht an AE, d'fheabhsú caighdeáin tástála feithiclí agus do mhonatóiriú leanúnach ar dhul chun cinn i dteicneolaíochtaí feithicle chun sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú.

Réimse eochairthosaíochta in 2016 ba é feasacht custaiméirí ar ghnéithe a bhaineann le carranna nua a cheannach a chur chun cinn. Seachadadh feachtas fairsing raidió agus meán sóisialta, mar aon le baint an RSA le clár ionraic faisnéise TV3 faoi charranna athshocraithe.

Ar aon dul leis an Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre, chuireamar athbhreithniú i gcrích ar chaighdeán na hoibre a dhéanann an tionscal cothabhála agus deisithe feithiclí in Éirinn. Cuireadh san áireamh leis seo comhairliúchán fairsing geallsealbhóirí agus d'oibríomar go dlúth le comhlachtaí sa tionscal chun réimsí ar féidir a fheabhsú a aithint. Rinneamar athbhreithniú freisin ar lámhleabhair tástála na bhfeithiclí tráchtála troma agus éadroma agus chuireamar saineolas agus maoirsiú ar fáil d'oiliúint tástálaithe CVRT.

### Reachtaíocht agus Beartais AE/Náisiúnta

In 2016, lean CF ar aghaidh ag obair go dlúth leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt chun reachtaíocht agus beartais náisiúnta a fhorbairt. I measc na dtionscadal a críochnaíodh agus a cuireadh chun cinn bhí iad seo a leanas:

- Reachtaíocht náisiúnta chun oibleagáid reachtúil a chur ar chuideachtaí árachais an Comhad Náisiúnta Feithiclí agus Tiománaithe (CNFT) a chur ar an eolas má bhíonn feithicil díscríofa.
- Caighdeáin theicniúla athbhreithnithe d'fheithiclí talmhaíochta.
- Cuireadh tús le hobair trasuímh ar an Treoir Eorpach um Ródacmhainneacht. Beidh tarracóirí ardluais talmhaíochta, a úsáidtear chun críche tráchtála, san áireamh sa raon tástála ó mhí na Bealtaine 2018 dá bharr. Tograí chun teorainn nua náisiúnta meáchain a thabhairt isteach d'fheithiclí tráchtála troma le cúig (nó níos mó) acastóir nach bhfuil altach.
- Uasghrádú ar na Scéimeanna Náisiúnta Cineálcheadaithe (NSSTA agus IVA) a rialaíonn comhpháirteanna teicniúla ar nós ardchóras coscánaithe éigeandála, córas rabhaidh fágála lána agus leibhéil níos déine astúcháin d'fheithiclí tráchtála troma.

I rith na bliana, chuir CF tacaíocht theicniúil ar fáil don Gharda Síochána, don phobal agus don tionscal.

Rinne sé ionadaíocht ar Éirinn freisin ag roinnt fóram idirnáisiúnta lena n-áirítear comhdháil an chomhthionóil ghinearálta CITA agus Coiste Theicniúil - Mótarfheithiclí & Meitheal Comhairle an Choimisiúin Eorpaigh maidir le rialacháin sábháilteachta ar bhóithre do chaighdeán feithiclí na hEorpa a fhorbairt.

### Seirbhís do Chustaiméirí

- Próiseáladh 2,900 ceadúnas ADR (iompar d'earraí contúirteacha) anuraidh trínár seirbhís 24/7 ar líne le meán-aga slánúcháin 3 lá.
- Próiseáladh 85 ceadúnas speisialta d'fheithiclí seirbhíse poiblí le go mbeidh siad in ann oibriú ar bhóithre na hÉireann (m.sh. ceadúnais traenach bóthair).
- Eisíodh 9,368 maolú deiridh sraithe.
- Láimhseáladh breis is 2,000 ceist theicniúil, agus bhí 98% acu laistigh de mhéadrach aga slánúcháin 10 lá.

Thosaigh CF ag obair ar thionscadal chun treoir níos soláimhsithe agus faisnéis níos inrochtana a chur ar fáil ar chaighdeáin theicniúla agus dhlíthiúla feithiclí.

### Teicneolaíocht cheannródaíoch

In 2016, thosaigh CF tionscadal chun teicneolaíochtaí braiteora a thriail le haghaidh suiteála ar HCV. Tá na teicneolaíochtaí in ann úsáideoirí soghonta bóithre ar nós coisithe agus rothaithe a bhrath agus rabhadh a thabhairt do thiománaí an HCV.

# Caighdeáin agus Tástálacha Feithiclí (ar lean)

## Tástáil Feithiclí–Forbhreathnú 2016

Tugadh tús áite arís do mhaoirsiú agus forfheidhmiú feabhsaithe na gcóras tástála CVR agus TNS in 2016 lena chinntiú go gcoimeádfar tástáil agus seirbhís do chustaiméirí ar ardchaighdeán i ngach ionad tástála agus ag gach cigire feithiclí.

| | | An tSeirbhís Náisiúnta Tástála Carranna (TNG) | Tástáil Ródacmhainneachta Feithiclí Tráchtála (CVRT) |
|---|---|---|---|
| | Líon iomlán na bhfeithiclí a tástáladh | 1,465,702 | 473,079 |
| | Pasráta ar thástálacha iomlána | 47.9% | 52% |
| | Torthaí Teipe Contúirtí | 6,845 | 9,044 |
| | Comhpháirteanna is mó teipe | ▸ Soilse<br>▸ Crochadh agus Stiúradh<br>▸ Coscáin<br>▸ Boinn<br>▸ Cabhalra | ▸ Stiúradh agus Crochadh<br>▸ Coscáin<br>▸ Soilse<br>▸ Boinn |

## Buaicphointí

### Treocht ag feabhsú i bhfeidhmíocht tástála in am

- TNG – Bhí feabhas arís ar thástáil in am sa 'mhí dlite'; suas ó 38% i mí Eanáir 2014 go 67% i mí na Nollag 2016–tar éis 3 mhí ardaíonn seo go breis is 89%.
- CVRT – Tá comhlíonadh tástála in am ag feabhsú fós, cé gur tugadh méadaithe níos moille comhlíonta faoi deara i bhfeithiclí tráchtála éadroma (níos lú ná 3,500 kg) agus i bhfeithiclí le hollmheáchán ceaptha feithicle idir 3,500 agus 7,500 kg. Ba fheithiclí móra bus iad na feithiclí is fearr a chomhlíon tástáil in am.

### Acmhainn TNG méadaithe

- I rith 2015, méadaíodh acmhainn TNG le lánaí nua tástála curtha ar fáil ag Gráinseach an Déin, Béal an Átha, Inis Córthaidh agus an Sciobairín. Bhí 47 ionad TNG ag deireadh na bliana le 590 cigire.

### Pasrátaí/rátaí teipe TNG

- Bhí laghdú beag sa phasráta céaduaire in 2016 (síos go 47.9%) ó 2015, go príomha mar gheall ar fhlít níos sine agus meánaois feithicle anois at 8.7 bliain

### Acmhainn CVRT méadaithe

- Tháinig dhá ionad nua tástála ar an bhfód in 2016 agus bhí 150 ionad tástála ann ag deireadh na bliana. Bhí 51 cigire nua údaraithe i rith 2016, agus 507 cigire údaraithe san iomlán don chóras tástála CVR.
- Méadaíodh an acmhainn i gcúig ionad tástála CVRT in 2016 – trí a bhain le seirbhísí ADR (iompar earraí contúirteacha) agus dhá cheann a bhain le lánaí breise tástála.

### Dianmhonatóireacht TNG

- Déanann an RSA monatóiriú ar fheidhmíocht TNG ag úsáid roinnt eochairtháscairí feidhmíochta, lena n-áirítear an méan-aga feithimh i gcomhar tástálacha agus seirbhís fhoriomlán do chustaiméirí.
- Laghdaíodh meán-agaí feithimh le haghaidh tástálacha TNG ó 7.5 lá in 2015 go 4.7 lá in 2016, rud a d'fheabhsaigh seirbhís do chustaiméirí a thuilleadh.
- Léiríonn bearta feidhmíochta na seirbhíse foriomláine do chustaiméirí don TNG gur sháraigh an conraitheoir TNG na híoschaighdeáin.

### Monatóireacht dhírithe feidhmíochta CVRT

- Chríochnaigh soláthraí seachfhoinse teicniúil RSA 1,694 cigireacht mar chuid de dhianmhonatóireacht agus maoirseacht ar ionaid tástála CVR i rith 2016.

## Forfheidhmiú agus Comhlíonadh

Déanann an RSA comhlíonadh a chur chun cinn agus reachtaíocht iompair AE agus náisiúnta ar thacagraif, ar rialacha uaireanta tiománaithe, ar IGT tiománaithe agus ceadúnú oibreora iompair agus ar chothabháil feithiclí tráchtála a fhorfheidhmiú, mar aon le lámh cúnta a thabhairt don Gharda Síochána i seiceálacha ródacmhainneachta cois bóthair. Seo iad príomhghníomhaíochtaí an RSA chun clár oibre sábháilteachta ar bhóithre a fhorbairt.

### Seiceálacha cois bóthair – ródacmhainneacht

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| Líon na seicphointí | **1,980** | 1,967 |
| Feithiclí a seiceáladh | **15,926** | 17,319 |
| Feithiclí a raibh locht contúirteach acu a aimsíodh | **326** | 276 |
| Feithiclí le mórlochtanna a aimsíodh | **2,964** | 3,283 |
| An ráta comhlíonta | **57%** | 57% |

Bhí lochtanna ar 50% den 1,207 bus a rinneadh iniúchadh orthu agus ba lochtanna móra nó contúirteacha iad 33% acu siúd a aimsíodh in 21% (260) de na busanna a iniúchadh.

Bhí an RSA ag díriú d'aon ghnó ar earnáil na mbusanna scoile agus leanfar leis seo in 2017.

### Cigireachtaí áitreabh oibreora – ródacmhainneacht

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| Líon na gcigireachtaí | **4,885** | 3,502 |
| Líon na bhfeithiclí a seiceáladh | **3,548** | 2,653 |
| Treoracha eisithe | **551** | 93 |
| Ráta comhlíonta an chéad chuairte | **30%** | 24% |
| Ráta comhlíonta an dara cuairte | **61%** | 75% |

Méadaíodh cigireachtaí ar áitribh ródacmhainneachta in 2016 faoi beagnach 40% in 2015. I rith 2016, bhí cur chuige riosca-bhunaithe i leith cigireachtaí áitribh oibreoirí curtha i bhfeidhm.

### Cois bóthair – seiceálacha uaireanta tiománaí, tacagraif agus ceadúnaithe oibreora

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| Líon na dtiománaithe a seiceáladh | **2,627** | 2,911 |
| Iomlán na dtaifead a seiceáladh | **65,044** | 72,805 |
| Sáruithe a aimsíodh | **2,364** | 1,947 |
| Ionchúisimh a tosaíodh | **164** | 212 |
| An ráta comhlíonta | **64%** | 70% |

## Forfheidhmiú agus Comhlíonadh (ar lean)

### Cigireachtaí áitreabh – seiceálacha uaireanta tiománaí, tacagraif agus ceadúnaithe oibreoirí

| | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | Líon na gcigireachtaí | **319** | 423 |
| | Líon na dtaifead tiománaithe a seiceáladh | **3,398** | 4,884 |
| | Líon na laethanta oibre a anailísíodh | **538,392** | 692,338 |
| | Líon na sáruithe a aimsíodh | **8,528** | 10,184 |
| | Ionchúisimh a tosaíodh | **60** | 71 |
| | An ráta comhlíonta | **43%** | 44% |

Rinneadh 319 cigireacht ar áitreabh oibreoirí in 2016 i gcomparáid le 423 in 2015. Leanadh leis an meath i gcigireachtaí áitreabh ó 2014 in 2016, go príomha mar gheall ar acmhainní laghdaithe daonchumhachta de bharr an lánchoisc ar sholáthar foirne sa tseirbhís phoiblí. Faomhadh tuilleadh oifigeach iompair in 2016 agus beidh siad siúd ag obair i rith 2017.

### Feidhmíocht a fheabhsú ó thaobh féindearbhúcháin oibreoirí i leith cothabhála feithiclí

I rith 2016 tháinig méadú suntasach ar chomhlíonadh na hoibleagáide féindearbhúcháin d'oibreoirí HGV ó 5% go 52%, agus bhí 770 clárúchán nua CVRT.ie ar líne gach mí ar an meán.

### Cumas forfheidhmithe RSA a fheabhsú

Chuir an RSA roinnt tionscnamh i bhfeidhm chun éifeachtacht agus cumas forfheidhmithe a mhéadú, lena n-áirítear tuilleadh oiliúna agus trealaimh curtha ar fáil le cabhrú le hoifigigh forfheidhmithe seifteanna calaoiseacha tacagraif a aimsiú.

Rinneadh triail tosaigh ar chóras rátála riosca an RSA le 20 oibreoir HGV i rith 2016. Tabharfar an córas riosca nua isteach ar bhonn céimnithe i rith 2017.

### Rath RSA sa chúirt 2016

Chuir an RSA 141 cás ionchúisimh i gcrích go rathúil le linn 2016 (i gcomparáid le 169 cás in 2015). Ba le sáruithe i dtaobh uaireanta tiománaithe a bhain formhór na gcásanna a ionchúisíodh sa chúirt.

### Riarachán an tacagraif dhigitigh

Próiseáladh 17,858 iarratas le haghaidh cártaí tacagraif dhigitigh le linn 2016 a léiríonn méadú 15% ar 2015 agus fuarthas 86% de na hiarratais trí chóras cárta digiteach ar líne an RSA.

meánlíon míosúil na gclárúchán nua CVRT.ie ar líne

**770**

iarratais do chartaí tacagraif dhigitigh in 2016

**17,858**

**15%**

méadú in 2015

# Rialachas agus Tacaíocht

## Airgeadas agus Seirbhísí Tráchtála

In 2016, tháinig feabhas suntasach ar na seirbhísí a seachadadh sa stiúrthóireacht seo i réimsí an airgeadais, an tsoláthair, na bainistíochta conartha, na bainistíochta saoráidí, na bainistíochta flít, an chomhshaoil, sláinte agus sábháilteachta, na saorála faisnéise agus riaracháin cosanta sonraí.

D'earcaigh an RSA bainisteoirí nua airgeadais agus soláthair in 2016 agus chuir seo feabhas mór ar mheascán intí scile agus inniúlachta na foirne bainistíochta. Le hatheagrú ar an stiúrthóireacht seo in 2015, tháinig conarthaí nua feabhsaithe saoráide agus flít mar thoradh ar phróisis nua soláthair in 2016.

Ba iad seo a leanas na héachtaí suntasacha sa stiúrthóireacht seo in 2016

- Tuairim ghlan iniúchta le miontráchtaí bainistíochta
- Oiliúint soláthair, teimpléid agus próisis nua tosaithe san RSA le 52 ball foirne oilte ar phróisis soláthair phoiblí
- Naoi gcomórtas soláthair déag riartha in 2016
- Conradh nua bainistíochta saoráide curtha i bhfeidhm i 25 líne seirbhíse a raibh soláthar seirbhíse níos fearr agus níos éifeachtaí mar thoradh air
- Conradh nua bainistíochta flít curtha i bhfeidhm a laghdaigh an t-ualach inmheánach riaracháin ar bhainistíocht flít
- Caidreamh níos fearr le hOifig na nOibreacha Poiblí a raibh bainistíocht eastáit agus réitigh ceisteanna feabhsaithe mar thoradh air
- Struchtúr nua bainistíochta sláinte agus sábháilteachta curtha i bhfeidhm in 2016 le foirne nua coiste agus réigiúnacha ag obair ar cheisteanna sainiúla gnó-bhunaithe do shláinte agus sábháilteacht foirne agus úsáideoirí seirbhísí poiblí
- Próiseas nua riaracháin saorála faisnéise curtha i bhfeidhm agus freagraíodh 49 iarratas saorála faisnéise in 2016 mar thoradh air

Leanfaidh an fhoireann in Airgeadas agus Seirbhísí Tráchtála ar aghaidh ag forbairt agus ag feabhsú a seirbhíse in 2017. I measc na mórthionscadal atá beartaithe tá uasghrádú an chórais reatha bainistíochta airgeadais, agus seachadadh den phróiseas saorála faisnéise agus bainistíochta taifead ar fud an RSA.

## Acmhainní Daonna

Cuireann an rannóg acmhainní daonna seirbhísí ar fáil sna réimsí bainistíochta acmhainne, feidhmíochta agus neamhláithreachta. Ina theannta sin, cuirtear tacaíocht ar fáil sna réimsí oiliúna, forbartha agus caidrimh thionsclaíoch. Tá riarachán acmhainní daonna á bhainistiú ag an bhfeidhm seirbhíse poiblí, PeoplePoint, ó 2014 i leith.

### Soláthar Foirne

Tá státseirbhísigh agus fostaithe sa tseirbhís phoiblí ag obair do RSA. Ba é leibhéal na foirne ag deireadh mhí na Nollag 2016 325 (312.56 coibhéis lánaimseartha). Comhlíonann an RSA meicníochtaí an Cheadaithe Tarmligthe Párolla agus an Chreata Rialaithe Fostaíochta agus téann sé i dteagmháil leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir lena leibhéil soláthair foirne.

### Clár Folláine na bhFostaithe

Reáchtáil an RSA clár folláine d'fhostaithe in 2016 a raibh monatóireacht diaibéitis d'fhostaithe i mBéal an Átha, i mBaile Locha Riach agus i roinnt Ionad Tástála Tiomána i mBaile Átha Cliath san áireamh ann. I mí na Samhna, reáchtáil an RSA clár feasachta i gcomhar le Fondúireacht Marie Keating a thug an deis d'fhostaithe comhairliúchán aghaidh ar aghaidh a fháil le speisialtóirí ailse, mar aon le seisiún ginearálta feasachta le fostaithe.

### Caidreamh Tionsclaíoch

Oibríonn an rannóg acmhainní daonna ar bhealach dearfach i gcomhar le líon áirithe ceardchumann atá san fhóram caidrimh thionsclaíoch lena n-áirítear IMPACT, PSEU, CPSU agus AHCPS. Tá Comhairle um Chaidreamh Tionsclaíoch i ngníomh sa RSA agus cuidíonn an fóram sin le timpeallacht mhaith chaidrimh thionsclaíoch a chur chun cinn.

# Rialachas agus Tacaíocht (ar lean)

## TFC

Is cumasóir bunriachtanach é Rannóg TFC an RSA maidir lenár seirbhísí a sheachadadh ar chustaiméirí.

In 2016, bhí béim shuntasach ar bhonneagar agus slándáil TFC a uasghrádú le tionscnaimh teicneolaíochta, forbairt próiseas, oiliúint agus feasacht curtha i gcrích. Níor cláraíodh aon sárú slándála le linn 2016 agus cuireadh rochtain seirbhíse sa bhreis ar 99% ar fáil.

**I measc na dtionscnamh TFC a seachadadh in 2016 bhí:**

- Tointeáil RSA
- Feabhsú don chóras RISC a chuireann cumas anailíse ar fáil i gcomhar imbhuailtí tromchúiseacha agus marfacha ar bhóithre.
- Córas nua bainistíochta cártaí tacagraif dhigitigh
- Feabhsú ar chóras oiliúna an Chaighdeáin Tiomána Seirbhísí Éigeandála
- Aip táibléid-Android tástálaithe tiomána
- Bhí uasghrádú ar chórais Rialaithe Airgeadais agus Rialaithe Rochtana i measc na dtionscadal a tosaíodh, agus críochnaíodh iad go luath in 2017



## Ionad Cúram Custaiméirí

Fuair Ionad Cúram Custaiméirí (ICC) an RSA 440,527 glao in 2016. Méadú 22% a bhí ann ar líon na nglaonna a fuarthas in 2015.

In 2016, rinneadh athbhreithniú ar fhís seirbhíse custaiméirí an RSA don todhchaí agus tugadh aghaidh uirthi sa Phlean Corparáideach. I rith na tréimhse 2016–2020, déanfar an ICC a fhorbairt ina ionad barr feabhais le haghaidh seirbhíse do chustaiméirí, agus cuirfear réitigh eile digiteacha i bhfeidhm chun seirbhís feabhsaithe do chustaiméirí a chur ar fáil d'fhormhór na gceisteanna custaiméara.

**Glaonna ICC RSA in 2016**

**440,527**



**An tÚdarás Um Shábháilteacht ar Bhóithre**

# Ráitis Airgeadais Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016

# Clár na nÁbhar


| | Leathanach |
|---|---|
| Clár na nÁbhar | 43 |
| Faisnéis Ghinearálta | 44 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 45 |
| Tuarascáil na gComhaltaí Boird | 46 |
| Ráiteas ar Ioncam Inmheánach | 47 |
| Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe | 48 |
| Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | 49 |
| Ráiteas ar an Staid Airgeadais | 50 |
| Ráiteas ar Shreafaí Airgid | 51 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 52 – 66 |

# Faisnéis Ghinearálta

| | |
|---|---|
| **Seoladh an Údaráis** | Páirc Ghnó Ghleann na Muaidhe<br>Cnoc an tSabhaircín<br>Béal an Átha<br>Co Mhaigh Eo |
| **Feidhmeannach Sinsearach** | An tUasal Moyagh Murdock – Príomhfheidhmeannach<br>An tUasal Pearse White – Stiúrthóir Seirbhísí Airgeadais & Seirbhísí Tráchtála<br>An tUasal Denise Barry – Stiúrthóir Caighdeán & Forfheidhmithe<br>An tUasal Declan Naughton – Stiúrthóir Tástáil & Ceadúnú Tiománaithe<br>An tUasal Michael Rowland – Stiúrthóir Sábháilteachta ar Bhóithre, Taighde & Oideachas Tiománaithe |
| **Cathaoirleach** | An tUasal Liz O'Donnell |
| **Comhaltaí an Bhoird** | An tUasal Eddie Rock<br>An Dr Áine Carroll<br>An tUasal Aideen Carberry<br>An tUasal John Mulvihill<br>An tUasal John Lumsden<br>An tUasal Aileen O'Toole<br>An tUasal Ronan Melvin (téarma in éag 13 Meán Fómhair 2016)<br>An tUasal Sean Finan (téarma in éag 13 Meán Fómhair 2016) |
| **Baincéirí** | Banc na hÉireann<br>Sráid an Phiarsaigh<br>Béal an Átha<br>Co Mhaigh Eo |
| **Taighde agus forbairt** | Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>3A Sráid an Mhéara Uachtarach<br>Baile Átha Cliath 1 |
| **Suíomh Gréasáin:** | www.rsa.ie |

# Tuairisc an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

**Comptroller and Auditor General**

**Report for presentation to the Houses of the Oireachtas**

## Road Safety Authority

I have audited the financial statements of the Road Safety Authority for the year ended 31 December 2016 under the Road Safety Authority Act 2006. The financial statements comprise the statement of income and expenditure and retained revenue reserves, the statement of comprehensive income, the statement of financial position, the statement of cash flows and the related notes. The financial statements have been prepared in the form prescribed under Section 29 of the Act, and in accordance with generally accepted accounting practice.

**Responsibilities of the Chief Executive Officer and of the Board of the Authority**

The Chief Executive Officer is responsible for the preparation of the financial statements. The Board of the Authority is responsible for ensuring that they give a true and fair view and for ensuring the regularity of transactions.

**Responsibilities of the Comptroller and Auditor General**

My responsibility is to audit the financial statements and to report on them in accordance with applicable law.

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to state bodies in relation to their management and operation.

My audit is carried out in accordance with the International Standards on Auditing (UK and Ireland) and in compliance with the Auditing Practices Board's Ethical Standards for Auditors.

**Scope of audit of the financial statements**

An audit involves obtaining evidence about the amounts and disclosures in the financial statements, sufficient to give reasonable assurance that the financial statements are free from material misstatement, whether caused by fraud or error. This includes an assessment of:

- whether the accounting policies are appropriate to the Authority's circumstances, and have been consistently applied and adequately disclosed
- the reasonableness of significant accounting estimates made in the preparation of the financial statements, and
- the overall presentation of the financial statements.

I also seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit.

In addition, I read the Authority's annual report to identify material inconsistencies with the audited financial statements and to identify any information that is apparently materially incorrect based on, or materially inconsistent with, the knowledge acquired by me in the course of performing the audit. If I become aware of any apparent material misstatements or inconsistencies, I consider the implications for my report.

**Opinion on the financial statements**

In my opinion, the financial statements:

- give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the Authority as at 31 December 2016 and of its income and expenditure for 2016; and
- have been properly prepared in accordance with generally accepted accounting practice.

In my opinion, the accounting records of the Authority were sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited. The financial statements are in agreement with the accounting records.

**Matters on which I report by exception**

I report by exception if I have not received all the information and explanations I required for my audit, or if I find

- any material instance where money has not been applied for the purposes intended or where the transactions did not conform to the authorities governing them, or
- the information given in the Authority's annual report is not consistent with the related financial statements or with the knowledge acquired by me in the course of performing the audit, or
- the statement on internal financial control does not reflect the Authority's compliance with the Code of Practice for the Governance of State Bodies, or
- there are other material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

**Non compliance with procurement rules**

Audit testing identified non-competitive procurement of goods and services in 2016 to the value of €1.1 million. The statement on internal financial control sets out the steps being taken by the Authority to address the matter.

Seamus McCarthy.

**Seamus McCarthy**
**Comptroller and Auditor General**
31 **May 2017**

# Tuarascáil na gComhaltaí Boird

## Freagrachtaí na gComhaltaí Boird

**Ráitis Airgeadais**

Ceanglaítear le hAlt 29 den Acht um an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, 2006 ar an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre go gcoinníonn sé, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a gheobhaidh an tÚdarás nó a chaithfidh sé.

Agus na cuntais seo á gcur le chéile, ceanglaítear ar an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre na nithe seo a leanas:

- Beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta
- Breitheanna agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama
- Na cuntais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura bhfuil sé mí-oiriúnach talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an tÚdarás air i mbun feidhme;
- Luaigh ar lean caighdeáin infheidhme chuntasaíochta, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta atá cruinn a choimeád a léiríonn, le cruinneas réasúnta uair ar bith, a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas deimhin a dhéanamh de go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 29 den Acht um an Údaras um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006.

Anuas air sin, tá an Bord freagrach as a chuid sócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

**Rialachas**

In 2016, bhí aon chruinniú boird déag agus ceithre chruinniú den Choiste Iniúchta Inmheánaigh.

Ba iad baill an Choiste Iniúchta Inmheánaigh:

- An tUasal Ronan Melvin (Cathaoirleach go dtí go ndeachaigh a théarma in éag ar 13 Meán Fómhair 2016)
- An tUasal John Lumsden (Cathaoirleach Gníomhach)
- An tUasal Eddie Rock

Thosaigh an Bord Athbhreithniú seachtrach Éifeachtachta agus Measúnaithe i Samhain 2016 agus cuirfear críoch leis in 2017.

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Ar son an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre, tugaim aird ar fhreagrachtaí an Údaráis a chinntiú go gcothaítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais.

Níl an córas ach in ann a chinntiú go réasúnta, ní go hiomlán, go ndéantar na sócmhainní a chosaint, go ndéantar na hidirbhearta a údarú agus a chur i gcuntas go cuí, agus go gcuirtear cosc ar earráidí agus ar mhírialtachtaí ábhartha nó go n-aimsítear go tráthúil iad. Agus breithniú á dhéanamh ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha airgeadais, tugann an tÚdarás agus a choiste iniúchta inmheánaigh aird ar riachtanais an Chóid Chleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit, i measc nithe eile.

Rinne an tÚdarás bearta chun a chinntiú gurb ann do thimpeallacht chuí rialaithe agus chuir an Bord na príomhnósanna imeachta rialaithe seo a leanas i bhfeidhm, a leagadh amach chun méid agus castacht an Údaráis a léiriú agus dearadh iad chun rialú inmheánach éifeachtach a sholáthar lena n-áirítear;

i. Rinne iniúchóirí inmheánacha an Údaráis an t-athbhreithniú bliantúil d'éifeachtacht an rialaithe airgeadais inmheánaigh agus thuairiscigh siad don choiste iniúchta inmheánaigh i Nollaig 2016.
ii. Níor tugadh faoi deara aon sárú suntasach sa rialú in 2016.
iii. Níor aithníodh aon chaillteanais ábhartha ná calaois in 2016.
iv. Rinne ár n-iniúchóirí seachtracha athbhreithniú ar chóras na rialuithe airgeadais inmheánacha agus tá sé ar aon dul leis an eolas a thuig siad óna gcuid oibre iniúchta ar na ráitis airgeadais.
v. Cruthú buiséid bhliantúil agus comparáid na dtorthaí iarbhír leis an mbuiséad seo le linn na bliana.
vi. Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus sócmhainní a chosaint.
vii. Nósanna imeachta chun riosca gnó agus airgeadais a bhainistiú lena n-áirítear úsáid teorainneacha údarúcháin, deighilt dualgas agus rialuithe chun calaois a chosc agus a bhrath.

I ndáil le 2016, chomhaontaigh an tÚdarás agus an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt Comhaontú Seirbhíse maidir le soláthar seirbhísí ag an Údarás. D'fheidhmigh an tÚdarás ar bhonn féinmhaoinithe in 2016 seachas tarraingt anuas de €139,000 de mhaoiniú státchiste i gcomhair íocaíochtaí pinsin.

Braitheann monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais de chuid an Údaráis ar obair an iniúchóra inmheánaigh; ar an gCoiste Iniúchta a dhéanann maoirsiú ar obair an iniúchóra inmheánaigh; agus ar na bainisteoirí feidhmiúcháin laistigh den Údarás atá freagrach as forbairt agus as cothabháil na creatlaí rialaithe inmhéanaí airgeadais.

Sa bhliain 2016, rinneadh na hiniúchtaí inmheánacha seo a leanas agus tuairiscíodh iad do choiste iniúchta inmheánaigh an Údaráis:

- Iniúchóireacht Inmheánach ar an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais
- Iniúchadh Sábháilteachta ar Chóras Tacagraif Dhigitigh na hÉireann
- Iniúchadh Inmheánach ar Bhainistíocht Airgeadais sa tSeirbhís Náisiúnta um Cheadúnais Tiománaithe

In 2017, tá sé i gceist ag an Údarás timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú tríd an gcreatlach rialaithe inmheánach a threisiú agus trína phróiseas bainistíocht riosca a fheabhsú faoi réir ag cuspóirí straitéiseacha an Údaráis, chomh maith le freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir agus cultúr trédhearcachta a fhorbairt i ngach leibhéal den eagraíocht.

Sainaithníodh san iniúchadh ar ráitis airgeadais 2016 nach ndearnadh próisis iomaíocha soláthair i dtaca le híocaíochtaí arbh fhiú €1.1m san iomlán. Sainaithníodh na conarthaí seo in iniúchadh 2015 agus tá an tÚdarás ag iarraidh tabhairt faoi athsholáthar na gconarthaí seo in 2017.

Deimhním gur thug an tÚdarás faoi athbhreithniú ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais in 2016.

# Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2016

| | Nótaí | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **Ioncam** | | | |
| Deontas Oireachtais | 2 | 139,000 | 139,000 |
| Acmhainní Eile | 3 | 73,682,017 | 76,744,127 |
| Glanmhaoiniú pinsin iarchurtha | 5(c) | 3,709,000 | 4,065,000 |
| Ranníocaíochtaí pinsin an fhostaí tarchurtha chuig an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt | 5(a) | (279,000) | (275,000) |
| **Ioncam Iomlán** | | 77,251,017 | 80,673,127 |
| **Caiteachas** | | | |
| Luach Saothair agus costais eile pá | 4(a) | (20,050,166) | (20,177,049) |
| Costais sochair scoir | 5(a) | (3,739,000) | (4,018,000) |
| Comhairle theicniúil | 6 | (153,761) | (193,719) |
| Costais riaracháin | 7 | (5,393,019) | (5,334,866) |
| Costais chláir | 8 | (40,006,767) | (38,175,784) |
| Dímheas | | (4,390,227) | (3,772,638) |
| **Caiteachas Iomlán** | | (73,732,940) | (71,672,056) |
| **Barrachas/(Easnamh) don bhliain roimh leithreasaí** | | **3,518,077** | **9,001,071** |
| Aistriú chuig an gCuntas Caipitil | 13 | (662,697) | (1,278,149) |
| **Barrachas/(Easnamh) don Bhliain i ndiaidh leithreasaí** | | **2,855,380** | **7,722,922** |
| **An tIarmhéid a tugadh anonn amhail an 1 Eanáir** | | **26,355,246** | **18,632,324** |
| **An tIarmhéid a tugadh anonn an 31 Nollaig** | | **29,210,626** | **26,355,246** |

Baineann ioncam agus caiteachas go léir don bhliain le gníomhaíochtaí leanúnacha ag dáta an Ráitis ar an Staid Airgeadais.

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 21 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

# Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2016

| | Nótaí | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **Barrachas/(Easnamh) don bhliain** | | 2,855,380 | 7,722,922 |
| Gnóthachain ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir | | (2,915,000) | 1,826,000 |
| Athrú ar fhoshuíomhanna atá mar bhonn ag an luach Reatha d'oibleagáidí sochair scoir | | (13,158,000) | 5,269,000 |
| **Gnóthachan achtúireach iomlán/(caillteanas) sa bhliain** | **5(b)** | **(16,073,000)** | **7,095,000** |
| Coigeartú ar mhaoiniú sochar scoir iarchurtha | | 16,073,000 | (7,095,000) |
| **Ioncam Cuimsitheach eile don bhliain** | | **2,855,380** | **7,722,922** |

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 21 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

# Ráiteas ar an Staid Airgeadais mar a bhí ar 31 Nollaig 2016

| | Nótaí | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Réadmhaoin, gléasra & trealamh | 9 | 8,706,339 | 8,043,642 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Infháltais | 10 | 1,813,493 | 4,957,639 |
| Réamhíocaíochtaí | 11 | 430,262 | 202,532 |
| Airgead agus coibhéis airgid | | 40,624,075 | 33,061,350 |
| | | 42,867,830 | 38,221,521 |
| **Dliteanais Reatha (suim dlite laistigh de bhliain amháin)** | | | |
| Suimeanna Iníoctha | 12 | (13,657,204) | (11,866,275) |
| **Glansócmhainní Reatha** | | 29,210,626 | 26,355,246 |
| **Dliteanais Fhadtéarmacha (suimeanna dlite i ndiaidh bliana amháin)** | | | |
| **Sochair Scoir** | | | |
| Sócmhainn mhaoiniúcháin sochair scoir iarchurtha | 5(c) | 74,303,000 | 54,521,000 |
| Oibleagáidí leasa scoir | 5(b) | (74,303,000) | (54,521,000) |
| **Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha** | | **37,916,965** | **34,398,888** |
| **A fhreagraíonn do** | | | |
| Chuntas Caipitil | 13 | 8,706,339 | 8,043,642 |
| Chaillteanais Cúlchistí Ioncaim Choinnithe | 19 | 29,210,626 | 26,355,246 |
| | | **37,916,965** | **34,398,888** |

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 21 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

# Ráiteas faoi Shreafaí Airgid
# don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | |
| Barrachas/(Easnamh) don bhliain roimh leithreasaí | 3,518,077 | 9,001,071 |
| Dímheas sócmhainní seasta | 4,390,227 | 3,772,638 |
| Méadú/(Laghdú) ar Infháltais | 2,904,539 | (3,417,875) |
| Méadú/(Laghdú) ar shuimeanna iníoctha | 1,790,929 | 513,256 |
| Ioncam ús bainc | (12,681) | (69,203) |
| **Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | **12,591,091** | **9,799,887** |
| | | |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | |
| Íocaíocht le réadmhaoin, gléasra & trealamh a fháil | (5,052,924) | (5,050,787) |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | **(5,052,924)** | **(5,050,787)** |
| | | |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin** | | |
| Ús bainc faighte | 24,558 | 69,203 |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin** | **24,558** | **69,203** |
| | | |
| **Glanmhéadú/(Glanlaghdú) ar airgead agus coibhéisí airgid** | **7,562,725** | **4,818,303** |
| | | |
| Airgead agus coibhéisí airgid an 1 Eanáir | 33,061,350 | 28,243,047 |
| | | |
| **Airgead agus coibhéisí airgid an 31 Nollaig** | **40,624,075** | **33,061,350** |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016

## 1. Beartais Chuntasaíochta

Tá bonn na cuntasaíochta agus beartais thábhachtacha chuntasaíochta a ghlac an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre leagtha amach thíos. Cuireadh iad ar fad i bhfeidhm go comhsheasmhach le linn na bliana agus rinneadh amhlaidh i gcás na bliana roimhe sin.

### *(a) Faisnéis Ghinearálta*

Bunaíodh an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre faoin Acht um an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006, agus tá an cheannoifig i bPáirc Ghnó Ghleann na Muaidhe, Cnoc an tSabhaircín, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo ann. Bunaíodh príomhchuspóirí an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre faoin Acht um an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006 an 1 Meán Fómhair 2006. Is comhlacht corparáideach é an tÚdarás le comharbas suthain agus le séala agus an chumhacht agairt agus bheith agartha ina ainm corparáideach, agus talamh nó leas i dtalamh a fháil, a choinneáil nó a dhiúscairt, agus aon mhaoin eile a fháil, a choinneáil agus a dhiúscairt. Is comhlacht reachtúil é a thuilleann Ioncam nach ón Státchiste é ó sheirbhísí a chuirtear ar fáil don phobal agus cuid de ó Dheontas Státchiste ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (Nóta 2).

Is Eintiteas Sochar Poiblí é an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre ar eintiteas é a chuireann seirbhísí ar fáil don phobal i gcoitinne, don phobal agus chun leasa shóisialta. Bunaíodh an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre chun an príomhról a thógáil i réimse na sábháilteachta ar bhóithre agus tá sé freagrach astu seo leanas: tiomsú feasachta ar shábháilteacht ar bhóithre agus í a chur chun cinn trí fheachtais na n-ilmheán agus trí chláracha oideachais, taighde ar shábháiliteacht bhóithre agus a phríomhsheirbhísí poiblí lena n-áirítear tástáil tiománaithe, ceadúnú tiománaithe, caighdeáin feithiclí, tástáil feithiclí (tástáil náisiúnta gluaisteáin agus tástáil feithiclí tráchtála), forfheidhmiú tarlaithe bóthair, clárú treoracha do thiománaithe (ADI) agus teastas tiománaithe d'inniúlacht ghairmiúil (Driver CPC). Roineann an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre an fhreagracht as an Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013 – 2020 le ranna stáit agus údaráis phoiblí áirithe a chaithfidh oibriú lena chéile, agus leis an bpobal a úsáideann an bóthar chun cuspóirí agus torthaí a chur i gcrích atá leagtha amach sa straitéis seo.

### *(b) Ráiteas comhlíonta*

Rinneadh ráitis airgeadais an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016 a ullmhú i gcomhréir le FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC), atá á fhógairt ag Cuntasóirí Cairte in Éirinn. Is mian leis an Údarás an Cód Cleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit 2009 a chur i bhfeidhm; tá an obair ar siúl chun leagan 2016 den Chód Cleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit a úsáid i Ráitis Airgeadais 2017.

### *(c) Bonn an réitigh*

Tá na ráitis airgeadais réitithe faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le comhthoiliú an Aire Airgeadais faoi Alt 29 den Acht um an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006. Tá na beartais chuntasaíochta seo a leanas á gcur i bhfeidhm go comhsheasmhach chun déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha i dtaca le ráitis airgeadais an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre.

### *(d) Ioncam*

#### Deontas Oireachtais
Is iondúil gurb ar bhonn fabhraithe a aithnítear ioncam; eisceacht amháin ar an riail sin is ea cás Deontais Oireachtais a aithnítear ar bhonn fáltas airgid.

#### Ús ioncaim
Déantar Ioncam Úis a aithint ar bhonn fabhraithe.

#### Ioncam eile
Aithnítear ioncam eile ar bhonn fabhraithe do shruthanna ioncaim, lena n-áirítear táillí do thástálacha tiomána, tobhach na tástála náisiúnta gluaisteán agus tobhach na tástála feithiclí tráchtála, toisc gurb ann don phointe aitheantais ioncaim nuair atá an tástáil críochnaithe. Aithnítear ar bhonn fáltas airgid an t-ioncam ó tháillí le haghaidh cártaí digiteacha tacagraif, ceadúnais tiomána agus clárúcháin teagascóirí tiomána formheasta de bharr na mbac córasach a chuireann cosc ar aitheantas ar bhonn fabhraithe. Tá an tÚdarás i dteideal scar de na brabúis a dhéanann soláthróir na tástála náisiúnta gluaisteán. Aithnítear na brabúis seo nuair is cosúil go mbeidh sochar eacnamaíoch ann agus is féidir an sochar sin a thomhas go cruinn.

## 1. Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

### (e) Réadmhaoin, gléasra agus trealamh

Taispeántar réadmhaoin, gléasra agus trealamh ag costas lúide dímheas carntha, arna choigeartú i gcomhair aon soláthar do bhearnú. Déanfar dímheas a sholáthar ar gach réadmhaoin, gléasra agus trealamh de réir rátaí a mheastar chun an costas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne a dhíscríobh de réir méid cothrom thar a saolré úsáideach mheasta, mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| (i) Feabhsúcháin Léasachta | 5% in aghaidh na bliana |
| (ii) Daingneáin agus Feistis | 20% in aghaidh na bliana |
| (iii) Mótarfheithiclí | 20% in aghaidh na bliana |
| (iv) Crua-earraí TFC | 33% in aghaidh na bliana |
| (v) Bogearraí Feidhmchláir | 33% in aghaidh na bliana |

Léiríonn luach iarmharach an méid measta a gheofaí faoi láthair ar dhiúscairt sócmhainne, i ndiaidh costais mheasta diúscartha a bhaint, dá mbeadh aois ag an tsócmhainn agus bail uirthi a bheifí ag súil leis ag deireadh a saolré fónta.
Má tá fianaise oibiachtúil ann i leith lagaithe ar luach na sócmhainne, aithnítear caillteanas lagaithe sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim Coimeádta sa bhliain.

### (f) Sochair Fostaithe

#### Sochair gearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha ar nós pá saoire mar chostas sa bhliain, agus cuirtear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana san áireamh san fhigiúr suimeanna iníoctha sa ráiteas ar an staid airgeadais.

### (g) Sochair scoir

#### Pinsin foirne

**Scéim Aoisliúntais na Státseirbhíse**

Amhail an 31 Nollaig 2016 tá 131 ball foirne san Údarás páirteach i scéim aoisliúntais na státseirbhíse agus níl dliteanais phinsin do na baill foirne sin san áireamh i ráitis airgeadais an Údaráis. Déanann an tÚdarás ranníocaíochtaí pinsin de chuid an 131 ball foirne sin a tharchur chuig an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus ní bhíonn aon oibleagáidí eile ar an Údarás ina dhiaidh sin i leith daoine ar baill den scéim iad.

**Scéim Pinsin Seirbhísí Poiblí Aonair ('Scéim Aonair')**

Reáchtálann an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre Scéim Pinsin Seirbhísí Poiblí Aonair ("Scéim Aonair"), ar scéim le sochar sainithe í i gcomhair fostaithe sa tseirbhís poiblí atá in aois an phinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí chomhalta na Scéime Singil leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (an RCPA). Bhí 15 ball den scéim seo ar 31 Nollaig 2016.

**Cuntasaíocht Pinsin do Scéim Aoisliúntais Foirne an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre agus Scéim Pinsin na Seirbhísí Poiblí Aonair ('Scéim Aonair')**

Léirítear sna ráitis airgeadais, ar luach cóir, na sócmhainní agus na dliteanais a eascraíonn ó oibleagáidí Scéim Aoisliúntais Foirne an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre agus aon chistiú gaolmhar, agus aithnítear na costais a bhíonn ar shochair phinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasaíochta ina dtuilleann na fostaithe iad. Agus aithnítear sna ráitis airgeadais na costais a bhaineann le sochair phinsin a chur ar fáil sna tréimhsí cuntasaíochta ina saothraíonn na fostaithe iad. Níl freagra tugtha ag an Údarás ar a chuid costas agus dliteanas faoin scéim pinsin na seirbhísí poiblí aonair mar níl siad seo ábhartha ar bhonn achtúireach. Tá sé i gceist ag an Údarás freagairt do na costais agus na dliteanais ó 2017 i leith.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016

## 1. Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

### *(g) Sochair scoir* (ar lean)

**Pinsin foirne** (ar lean)

**Scéim Aoisliúntais Foirne an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre**

Foráiltear le hAlt 20 den Acht um an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006 go mbunóidh an tÚdarás Scéim Aoisliúntais Foirne an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre (an Scéim). I mí Iúil 2013, d'fhormheas an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt an Scéim, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá Ballraíocht sa Scéim ar oscailt do bhaill foirne a chuaigh isteach inti trí chomórtas seachtrach agus trí bhealaí eile ó Mheán Fómhair 2006. Amhail an 31 Nollaig 2016, bhí 163 ball foirne de chuid an Údaráis ina mbaill ghníomhacha den Scéim. Tá freisin 12 ball iarchurtha agus 17 pinsinéirí den Scéim ann. Feidhmíonn an Scéim ar an mbonn go n-asbhaineann an tÚdarás ranníocaíochtaí pinsin foirne as an bpárolla agus go dtarchuireann sé na ranníocaíochtaí sin chuig an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Tar éis di dul i mbun díospóireachta leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, dheimhnigh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, go leanfadh an Státchiste de bheith ag freastal ar dhliteanais Scéim Aoisliúntais Foirne an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre ar bhonn 'íoc mar a théitear' i gcás gach baill den Scéim, de réir mar a bheidh siad dlite, fad a bheidh an Scéim i bhfeidhm. Is é a tharlaíonn faoin gcóras 'íoc mar a théitear' ná go n-íoctar sochair na Scéime ó ioncam reatha Státchiste nuair a bhíonn siad dlite.

**Scéim Aoisliúntais na Comhairle Sábháilteachta Náisiúnta 1991-2000**

Agus tús á chur leis fuair an tÚdarás 6 pinsinéirí a chuaigh isteach san Údarás nuair a cuireadh críoch ar an gComhairle Sábháilteachta Náisiúnta. Tugtar maoiniú ón Státchiste gach bliain don Údarás chun freastal ar na hoibleagáidí pinsin nuair atá siad dlite.

### *(h) Breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta chriticiúla*

Le hullmhúchán na ráiteas airgeadais a chur i gcrích, bíonn ar an mbainistíocht breithiúnais, meastacháin agus toimhdiú a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na méideanna a thuairiscítear maidir leis na sócmhainní agus dliteanais amhail ar dháta an chláir chomhardaithe agus ar na méideanna a thuairiscítear maidir le hioncam agus speansais le linn na bliana. Fágann nádúr an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh sé go mbeadh difear idir na torthaí iarbhír agus na meastacháin sin. Is iad na breithiúnais seo a leanas is mó a chuaigh i bhfeidhm ar na méideanna atá sainaitheanta sna ráitis airgeadais.

**Dímheas agus Luachanna Iarmharacha**

Rinne na stiúrthóirí saolréanna sócmhainne agus luachanna iarmharacha comhlachaithe gach aicme sócmhainne seasmhacha a athbhreithniú, agus go háirithe, an tsaolré úsáideach eacnamaíoch agus luachanna iarmharacha daingneán agus feisteas, agus tháinig siad ar an tuairim go bhfuil na saolréanna sócmhainne agus luachanna iarmharacha cuí.

**Oibleagáid Sochar Scoir**

Déantar na toimhdí is bonn le luachanna iarmharacha lena gcinntear na méideanna atá sainaitheanta sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí an mhéadaithe i leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí báis agus rátaí treochtaí costais chúraim sláinte) a nuashonrú gach bliain. Bunaítear é sin ar dhálaí eacnamaíocha reatha, agus i gcás aon athruithe iomchuí ar théarmaí agus coinníollacha an phinsin agus na bpleananna i ndiaidh scoir.

Féadfaidh tionchar a bheith ag na nithe seo a leanas ar na toimhdí:

- an ráta lascaine, athruithe ar an ráta sochair ar bhannaí ardcháilíochta corparáide
- leibhéil chúitimh amach anseo, dálaí an mhargaidh saothair amach anseo

## 2. Deontais an Oireachtais

Mar atá léirithe sa ráiteas airgeadais is é atá sa Deontas Oireachtais a vótáladh lena thabhairt don Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt:

| | Fo-Cheannteideal | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Deontas i gcomhair caiteachas reatha | B.4 | 139,000 | 139,000 |
| | | **139,000** | **139,000** |

In 2016 agus 2015 tugadh an Deontas Oireachtais sainiúil don Údarás chun na híocaíochtaí pinsin bliantúla a bhaint amach do phinsinéirí a chuaigh isteach san Údarás nuair a cuireadh críoch leis an gComhairle Sábháilteachta Náisiúnta. Tá an méid a íocadh le pinsinéirí (€139,000) san áireamh i Nóta 4 – Luach Saothair agus Costais Pá Eile. Cuireadh an dualgas ar an Údarás na sochair pinsin a íoc; ach níor tharla aon fhabhrú dliteanas áfach, mar freagróidh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt do na hoibleagáidí nuair a bheidh siad dlite.

## 3. Acmhainní Eile

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Ioncam Táillí ó Thástáil Tiománaithe | 13,580,960 | 14,537,867 |
| Tobhach Náisiúnta Tástála Carranna | 23,561,819 | 26,175,827 |
| Ioncam ó Cheadúnais Tiomána | 20,487,137 | 20,115,033 |
| Tobhach Tástála Feithiclí Tráchtála | 14,408,731 | 14,228,823 |
| Ioncam ó Thacagraif Dhigiteacha | 742,194 | 626,536 |
| Ioncam ó Theagascóirí Tiomána Formheasta | 275,814 | 398,580 |
| Ioncam ó Urraíocht | 82,050 | 74,153 |
| Ús Bainc | 12,681 | 69,203 |
| Ioncam ó Iompar Earraí Contúirteacha | 274,786 | 267,958 |
| Ilghnéitheach | 255,845 | 250,147 |
| | **73,682,017** | **76,744,127** |

Is comhlacht reachtúil é an tÚdarás a thuilleann ioncam ó sheirbhísí a chuirtear ar fáil don phobal. Leagtar amach na príomhfhoinsí ioncaim reatha thíos.

| Cineál Ioncaim | Foinse |
|---|---|
| Ioncam ó Thástálacha Tiománaithe agus Ioncam ó Cheadúnais Tiomána | Tá freagracht ar an Údarás as tástáil tiománaithe agus eisiúint agus athnuachan agus ó Cheadúnais Tiomána Díorthaítear an t-ioncam seo ó tháillí a íocann tiománaithe as tástáil tiomána a dhéanamh nó as ceadúnas tiomána a fháil/athnuachan. |
| Tobhach Tástáil Náisiúnta Gluaisteán agus Tobhach Tástáil Feithiclí Tráchtála | Faigheann an tÚdarás ioncam tobhaigh bunaithe ar an líon gluaisteán agus feithiclí tráchtála a thástáiltear. Bailíonn an soláthróir seirbhíse conraithe an táille chomlán nuair a dhéantar an tástáil agus tugtar cuid den táille tástála go míosúil i riaráistí don Údarás. Leanann an tobhach a fhaightear ón Tástáil Náisiúnta Gluaisteán ag méadú de bharr go bhfuil comhlíonadh feabhsaithe leis an riachtanas teastas bailí TNG a bheith ag duine. Dá thoradh sin, tá líon mór carranna a ndéantar Tástáil Náisiúnta Gluaisteán orthu. |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016

## 3. Acmhainní Eile (ar lean)

| Cineál Ioncaim | Foinse |
|---|---|
| Tobhach Tástáil Náisiúnta Gluaisteán agus Tobhach Tástáil Feithiclí Tráchtála (ar lean) | In 2016, is é láimhdeachas an chonraitheora sheachfhoinsithe a fheidhmíonn an tSeirbhís Náisiúnta Tástála Gluaisteán ná thart ar € 78m agus as sin fuair an tÚdarás 23.5m (2015- € 22.8m) mar ioncam tobhaigh.<br><br>In 2015, aithníodh €3.333m breise mar ioncam a bhí dlite de bharr coigeartú feidhmithe agus scar brabúis faoi réir ag forálacha sa chonradh; fuarthas é seo in Iúil 2016.<br><br>Leanann an tÚdarás le hioncam Tobhaigh Tástála Feithiclí Tráchtála a aithint in 2016. |
| Ioncam ó Thacagraif Dhigiteacha | Tá freagracht ar an Údarás as forfheidhmiú reachtaíochta maidir le huaireanta tiománaithe. Faigheann an tÚdarás ioncam ó tháillí nuair a eisíonn sé cárta leictreonach tacagraif dhigitigh do tharlóirí chun uaireanta tiománaithe a thaifeadadh. |
| Ioncam ó Theagascóirí Tiomána Formheasta | Tá freagracht ar an Údarás as rialú an tionscail Teagaisc Tiomána. Faigheann tÚdarás ioncam tobhaigh nuair a chláraíonn agus a thástálann siad Teagascóir |
| Ioncam ó Iompar Earraí Contúirteacha | Tá freagracht ar an Údarás as rialú iompar earraí contúirteacha. Faigheann an tÚdarás ioncam ó tháillí nuair a chláraíonn sé tarlóir iompar earraí contúirteacha. |

## 4. Luach Saothair agus Costais Pá Eile

### *4(a) Luach Saothair agus costais eile pá*

| | Nótaí | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Tuarastail foirne | | 16,240,268 | 16,609,253 |
| Ranníocaíochtaí fostóirí le leas sóisialach | | 1,160,412 | 1,099,528 |
| Oiliúint agus forbairt foirne | | 268,903 | 166,942 |
| Taisteal agus cothabháil foirne – intíre | | 2,136,608 | 1,999,796 |
| Taisteal agus cothabháil foirne – ar iasacht | | 46,766 | 37,043 |
| Costais eile foirne | | 11,261 | 63,119 |
| Sochair oifige comhaltaí boird (lena n-áirítear luach saothair PFO) | 4(c) | 185,948 | 201,368 |
| **Iomlán** | | **20,050,166** | **20,177,049** |

Baineadh asbhaintí a bhaineann le pinsin arb ionann agus €673,800 iad as tuarastail agus pá agus íocadh iad leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maidir le 2016 (2015 - € 871,989).

Is é meánlíon na mball foirne atá fostaithe ag an Údarás sa bhliain 329 (318 in 2015). Thug an Roinn Talmhaíochta, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus CIÉ 3 (2015 – 6) ball foirne eile ar iasacht don Údarás.

## 4. Luach Saothair agus Costais Eile Phá (ar lean)

### *4(b) Miondealú ar shochair fostaithe don bhliain*

| Raon sochair fostaí ar an iomlán | | Líon na bhFostaithe | Líon na bhFostaithe |
|---|---|---|---|
| **Ó** | **Go** | **2016** | **2015*** |
| € 60,000 | – € 69,999 | 34 | 27 |
| € 70,000 | – € 79,999 | 9 | 13 |
| € 80,000 | – € 89,999 | 6 | 3 |
| € 90,000 | – € 99,999 | 1 | 1 |
| € 100,000 | – € 109,999 | – | – |
| € 110,000 | – € 119,999 | – | – |
| € 120,000 | – € 129,999 | – | – |
| € 130,000 | – € 139,999 | 1 | 1 |

*Tá an bhreischéim 2015 leasaithe chun fostaithe a tugadh ar iasacht don Údarás a bheith comhsheasmhach le nochtadh 2016.

### *4(c) (i) Cúiteamh pearsanra phríomhbhainistíochta*

| Luachanna Saothair Bhaill an Bhoird | Táillí Boird 2016 | Costais Deimhnithe 2016 | Cruinnithe ar ar Freastalaíodh |
|---|---|---|---|
| | **€** | **€** | |
| **Baill an Bhoird Reatha** | | | **(poitéinsiúil: 11)** |
| Liz O'Donnell – Cathaoirleach | 11,970 | – | 10 |
| An tUasal Eddie Rock | 7,695 | 656 | 9 |
| An tUasal Áine Carroll | – | – | 8 |
| An tUasal Aideen Carberry | – | 45 | 8 |
| An tUasal John Mulvihill | 7,695 | 4,087 | 9 |
| An tUasal John Lumsden | 7,695 | 216 | 10 |
| An tUasal Aileen O'Toole | 7,695 | 500 | 10 |
| **Baill a ndeachaidh a dtéarmaí in éag in 2016** | | | **(poitéinsiúil: 7)** |
| An tUasal Ronan Melvin | 5,416 | 417 | 7 |
| An tUasal Sean Finan | 5,416 | 216 | 6 |
| **Iomlán** | **53,582** | **6,137** | |

## 4. Luach Saothair agus Costais Eile Phá (ar lean)

### *4(c) Cúiteamh pearsanra phríomhbhainistíochta (ar lean)*

Tá beirt bhall an bhoird nach bhfuil táillí boird faighte acu in 2016 de bharr na gcúiseanna seo leanas:

- rogha duine an táille boird a tharscaoileadh
- faoi réir ag an riail 'duine amháin tuarastal amháin'

Ba é 85% an meánfhreastal ar chruinnithe in 2016.

In 2016, chuaigh téarmaí Ronan Melvin agus Sean Finan ar an mbord in éag an 13 Meán Fómhair.

Ba é luach saothair an phríomhoifigigh feidhmiúcháin do 2016:

- buntuarastal bliantúil €132,366 (2015: €137,457*)
- socruithe pinsin caighdeánacha na hearnála poiblí
- ranníocaíocht fostóra le leas sóisialach €20,082 (2015: €21,539*)

Ba é an luach saothair carnach do phearsanra príomhbhainistíochta 2016:

- buntuarastal bliantúil €356,034 (2015: €365,956*)
- socruithe pinsin caighdeánacha na hearnála poiblí
- ranníocaíocht fostóra le leas sóisialach €37,870 (2015: €39,070*)

* Bunaíodh buntuarastal bliantúil agus ranníocaíocaíocht fostóra le leas sóisialach ar 27 n-íocaíocht go coícísiúil in 2015, murab ionann is 26 íocaíocht go coícísiúil in 2016.

## 5. Costais Sochar Scoir

### *5(a) Anailís ar chostais sochar scoir iomlán a gearradh ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe*

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Glanchostas seirbhíse reatha | 2,523,000 | 2,973,000 |
| Ranníocaíochtaí na mball | (279,000) | (275,000) |
| Costas úis ar dhliteanais scéime sochair scoir | 1,495,000 | 1,320,000 |
| | **3,739,000** | **4,018,000** |

## 5. **Costais Sochar Scoir** (ar lean)

### *5(b) Gluaisteacht i nglanoibleagáidí sochar scoir i rith na bliana airgeadais*

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Glanoibligeád sochair scoir an 1 Eanáir | (54,521,000) | (57,551,000) |
| Seirbhís costais reatha | (2,523,000) | (2,973,000) |
| Costas úis | (1,495,000) | (1,320,000) |
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach | (16,073,000) | 7,095,000 |
| Pinsin a íocadh sa bhliain | 309,000 | 228,000 |
| **Oibleagáid sochair scoir an 31 Nollaig** | **(74,303,000)** | **(54,521,000)** |

### *5(c) Glanmhaoiniú iarchurtha le haghaidh sochair scoir*

Aithníonn an Bord na suimeanna seo mar shócmhainn chomhfhreagrach don dliteanas neamhmhaoinithe iarchurtha do shochair scoir ar bhonn an tacair toimhdí a gcuirtear síos orthu thíos anseo ag 5(e) agus roinnt tarluithe san am a chuaigh thart. I measc na dtarlúintí seo bhí an bonn reachtúil le bunú na scéimeanna sochair scoir, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin na seirbhíse poiblí a mhaoiniú lena n-áirítear ranníocaíochtaí ag fostaithe agus an próiseas bliantúil meastacháin. Tá deimhniú ag an mBord ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt go leanfaidh an Státchiste de bheith ag freastal ar dhliteanais Scéim Aoisliúntais Foirne an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre ar bhonn 'íoc mar a théitear' i gcás gach baill den Scéim, de réir mar a bheidh siad dlite, a fhad is go bhfuil an Scéim i bhfeidhm.

Ba é an glanmhaoiniú iarchurtha le haghaidh sochair scoir a aithnítear sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe a leanas:

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Maoiniú in-aisghabhála i leith chostais sochar scoir na bliana reatha | 4,018,000 | 4,293,000 |
| Deontas an Stáit curtha i bhfeidhm le sochair scoir a íoc | (309,000) | (228,000) |
| | **3,709,000** | **4,065,000** |

Is í an tsócmhainn mhaoiniúcháin iarchurtha do shochair scoir an 31 Nollaig 2016 €74.303m (2015 € 54.521m).

### *5(d) Stair na n-oibleagáidí sochair shainithe*

| | 2016 | 2015 | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € |
| Oibleagáid sochair shainithe | 74,303,000 | 54,521,000 | 57,551,000 | 36,457,000 |
| Taithí (caillteanas)/gnóthchan ar dhliteanas scéim sochair shainithe | (2,915,000) | 1,826,000 | 324,000 | (4,152,000) |
| Mar chéatadán de dhliteanais scéime | (3.9%) | 3.3% | 0.56% | (11.39%) |

## 5. Costais Sochar Scoir (ar lean)

### *5(e) Cur síos ginearálta na scéime*

Is socrú pinsin le sochar sainithe bunaithe ar phá inphinsin deiridh é an scéim sochair scoir le sochair agus ranníocaíochtaí sainmhínithe le tagairt do 'mhúnla' reatha rialacháin scéime na hearnála poiblí. Tugann an scéim pinsean (ar 1/80 in aghaidh na bliana seirbhíse é), aisce nó cnapshuim (ar 3/80 in aghaidh na bliana seirbhíse é) agus pinsin do chéile agus do pháistí. Is é an gnáthaois scoir breithlá 65 bliana an bhaill, agus tá teidlíocht ag baill roimh 2004 scor gan laghdú achtúireach ó 62 bliain d'aois. Tagann ardú ar phinsin in íocaíocht (agus iarchur) de ghnáth de réir bhoilsciú tuarastail na hearnála poiblí.

Bhí an luacháil a úsáideadh le haghaidh nochtadh FRS 102 bunaithe ar luacháil iomlán achtúireach a rinne achtúire cáilithe neamhspleách an 9 Feabhra 2017, agus ceanglais FRS a chur san áireamh chun dliteanais na scéime a mheas an 31 Nollaig 2016.

Ba iad seo a leanas na príomhthoimhdí achtúireacha:

| | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| Ráta an mhéadaithe ar thuarastail | 3.3% pa | 3.4% pa |
| Ráta an mhéadaithe i dtaobh sochair scoir in íocaíocht | 1.8% pa | 1.9% pa |
| Ráta lascaine | 1.9% pa | 2.75% pa |
| Ráta Boilscithe | 1.8% pa | 1.9% pa |

**Mortlaíocht**

Ba iad na táblaí mortlaíochta seo a leanas a úsáideadh:

| | **Fireann** | **Baineann** |
|---|---|---|
| Mortlaíocht roimh scor | PMA 92 c 2020 | PMA 92 c 2020 |
| Mortlaíocht i ndiaidh scoir | PMA 92 c 2025 < 1 bl | PMA 92 c 2025 < 1 bl |

Bunaithe ar na táblaí seo a leanas an gnáthionchas saoil ag aois 65:

| | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| Fireann | 22 bliain d'aois | 22 bliain d'aois |
| Baineann | 25 bliain d'aois | 25 bliain d'aois |

## 6. Comhairle Theicniúil

| | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Comhairle theicniúil | 153,761 | 193,719 |
| **Iomlán** | **153,761** | **193,719** |

## 7. Costais Riaracháin

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Clódóireacht agus stáiseanóireacht | 433,037 | 295,803 |
| Postas | 190,839 | 226,078 |
| Costais bhainistíochta saoráide | 618,334 | 483,159 |
| Fuinneamh | 161,022 | 230,053 |
| Costais teileafóin agus malartú sonraí | 483,517 | 390,141 |
| Bogearraí, ceadúnú agus costais tacaíochta | 2,315,598 | 2,231,008 |
| Cothabháil crua-earraí | 109,216 | 301,862 |
| Táillí iniúchta | 20,000 | 20,000 |
| Táillí iniúchta inmheánaigh | 12,144 | 33,276 |
| Riaradh párolla | 41,599 | 41,630 |
| Seirbhísí Aistriúcháin | 37,247 | 40,954 |
| Árachas | 45,176 | 36,072 |
| Cothabháil an tSuímh Ghréasáin | 17,221 | 16,806 |
| Muirir idirbhirt airgeadais | 238,219 | 269,672 |
| Costais cíos saoráide | 443,120 | 516,683 |
| Costais bainistíoch flít | 131,100 | 131,725 |
| Costais riaracháin AD | 95,630 | 69,944 |
| **Iomlán** | **5,393,019** | **5,334,866** |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016

## 8. Costais Cláir

| | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| (a) | Tástáil Teoiric Tiománaithe | 215,156 | 183,316 |
| (b) | Forfheidhmiú & Cumarsáid Tarlú Bóthair | 1,546,646 | 749,694 |
| (c) | An tSeirbhís Náisiúnta Tástála Gluaisteán | 1,274,705 | 1,056,284 |
| (d) | Cur Chun Cinn na Sábháilteachta ar Bhóithre | 5,200,561 | 5,237,544 |
| (e) | Oideachas um Shábháilteacht ar Bhóithre | 1,272,833 | 1,330,382 |
| (f) | Feasacht ar Shábháilteacht ar Bhóithre | 2,755,463 | 2,857,703 |
| (g) | Taighde ar Shábháilteacht ar Bhóithre | 465,629 | 332,165 |
| (h) | Oideachas Tiománaithe | 769,035 | 541,811 |
| (i) | Táillí Dlí | 762,913 | 662,284 |
| (j) | An tSeirbhís Tástála Feithiclí Tráchtála | 2,676,422 | 2,853,218 |
| (k) | Tástáil Tiománaithe | 287,649 | 122,876 |
| (l) | Beartas Ceadúnais Tiomána & Feabhsú Próisis | 470,832 | 522,451 |
| (m) | Cumarsáid | 1,333,152 | 1,253,512 |
| (n) | An tSeirbhís Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána | 20,587,551 | 20,228,872 |
| (o) | Caighdeán Tiománaithe Seirbhíse Éigeandála | 25,164 | 22,824 |
| (p) | Costais chláir eile | 363,056 | 220,848 |
| | **Iomlán** | **40,006,767** | **38,175,784** |

(a) Seo an costas a bhaineann le deimhnithe tástála teoirice tiománaithe a lannú.

(b) Is iad seo na costais a bhaineann leis an gclár forfheidhmithe lena n-áirítear costais chumarsáide. Baineann an méadú bliain in aghaidh bliana leis an tús a cuireadh le costais maoirsithe conartha agus le méadú ar chostais imscrúduithe teicniúla in 2016.

(c) Is é seo an costas a bhaineann le maoirseacht agus monatóireacht a dhéanamh ar an tseirbhís náisiúnta tástála gluaisteán.

(d) Is clár é Cur Chun Cinn na Sábháilteachta ar Bhóithre mar a gcuireann an tÚdarás sábháilteacht ar bhóithre chun cinn an t-am go léir le huirlisí margaíochta agus cumarsáide lena n-áirítear fógraíocht, ag cinntiú foghlaim leanúnach do gach úsáideoir bóthair.

(e) Is clár é Oideachas ar Shábháilteacht ar Bhóithre atá dírithe ar oideachas ar shábháilteacht ar bhóithre a chur ar fáil suas go dtí an tríú leibhéal trí réimse feachtas oideachais sainfhorbartha.

(f) Is clár dírithe é Feasacht ar Shábháilteacht ar Bhóithre atá dírithe ar ghrúpaí ar leith úsáideoirí bóthair chun iad a chur ar an eolas faoi shábháilteacht bóthair trí mhodhanna éagsúla lena n-áirítear úsáid an tointeálaí agus teachtaireachtaí faoin tsábháilteacht ar bhóithre a aistriú go roinnt teangacha.

(g) Seo an costas a bhaineann le tabhairt faoi chláir thaighde maidir leis an tsábháilteacht ar bhóithre.

(h) Is caiteachas cláir é Oideachas Tiománaithe a bhaineann le rialú thionscal an Teagaisc Tiomána Fhormheasta agus cuimsíonn sé reáchtáil an chláir Deimhniú Inniúlachta Gairmiúla maidir le tiománaithe gairmiúla bus agus trucaile.

(i) Tá táillí dlí a thabhaítear maidir le cláir an Údaráis lena n-áirítear an clár Tástála Feithiclí Tráchtála, clár na Seirbhíse Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána agus gach clár eile.

(j) Is clár é seo a bhaineann le feidhmiú chlár tástála ródacmhainneachta na bhfeithiclí tráchtála.

(k) Is é seo an costas a bhaineann le feabhsuithe ar an gclár Tástála Tiománaithe a bhaineann leis na tástálacha tiomána teoirice agus praiticiúla, go háirithe forbairt ábhar siollabais.

(l) Baineann an clár seo le caiteachas i bhforbairt agus feabhsú na Seirbhíse Náisiúnta Ceadúnais Tiomána.

(m) Tabhaíonn an tÚdarás costas maidir lena ghníomhaíochtaí a bhaineann le ceannach meán, cruthaíocht meán agus caidreamh poiblí. Cuimsíonn sé chomh maith gníomhaíocht an Údaráis sna meáin shóisialta.

(n) Baineann an caiteachas cláir seo le costais feidhmiúcháin na Seirbhíse Náisiúnta Ceadúnais Tiomána agus áiríonn sé costas táirgthe an chárta, líonra gníomhaireachta agus míreanna próiseála cúloifige na seirbhíse ceadúnais.

(o) Is iad seo na costais chláir a bhaineann leis an gCaighdeán Tiomána don tSeirbhís Éigeandála.

(p) Baineann costais faoin gceannteideal seo le costais fógraíochta fógraí caighdeáin feithiclí agus tástáil feithiclí.

Ní áirítear sna suimeanna a thaispeántar sa nóta seo costais bhaill foirne an Údaráis ag riar na gClár seo mar ní shanntar costais foirne go heisiach le cláir ar leith mar sin ní féidir na costais seo a shannadh.

# 9. Maoin, Gléasra agus Trealamh

## 9(a) Réadmhaoin, gléasra agus trealamh 2016

| | Léasacht | Daingneáin agus Feistis | Flít | Trealamh Speisialtóra/ Teileachumarsáide | Crua-earraí | Bogearraí ríomhaire | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € | € | € |
| **Costas** | | | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2016 | 1,142,779 | 960,654 | 1,327,902 | 561,757 | 2,612,298 | 16,988,685 | 23,594,075 |
| Breiseanna | 137,019 | 29,109 | 328,112 | – | 265,944 | 4,292,740 | 5,052,924 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2016** | **1,279,798** | **989,763** | **1,656,014** | **561,757** | **2,878,242** | **21,281,425** | **28,646,999** |
| **Dímheas** | | | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2016 | 180,183 | 865,913 | 676,356 | 561,757 | 2,281,809 | 10,984,415 | 15,550,433 |
| Táille don Bhliain | 60,889 | 49,705 | 236,809 | – | 186,778 | 3,856,046 | 4,390,227 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2016** | **241,072** | **915,618** | **913,165** | **561,757** | **2,468,587** | **14,840,461** | **19,940,660** |
| **Glanluach de réir na Leabhar** | | | | | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2016** | **1,038,726** | **74,145** | **742,849** | **–** | **409,655** | **6,440,964** | **8,706,339** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2015** | **962,596** | **94,741** | **651,546** | **–** | **330,489** | **6,004,270** | **8,043,642** |

## 9(b) Réadmhaoin, gléasra agus trealamh 2015

| | Léasacht | Daingneáin agus Feistis | Flít | Trealamh Speisialtóra/ Teileachumarsáide | Crua-earraí | Bogearraí ríomhaire | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € | € | € |
| **Costas** | | | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2015 | 1,003,390 | 943,300 | 823,372 | 561,757 | 2,319,174 | 12,892,295 | 18,543,288 |
| Breiseanna | 139,389 | 17,354 | 504,530 | – | 293,124 | 4,096,390 | 5,050,787 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2015** | **1,142,779** | **960,654** | **1,327,902** | **561,757** | **2,612,298** | **16,988,685** | **23,594,075** |
| **Dímheas** | | | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2015 | 127,591 | 799,941 | 526,931 | 561,581 | 2,029,889 | 7,731,862 | 11,777,795 |
| Táille don Bhliain | 52,592 | 65,972 | 149,425 | 176 | 251,920 | 3,252,553 | 3,772,638 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2015** | **180,183** | **865,913** | **676,356** | **561,757** | **2,281,809** | **10,984,415** | **15,550,433** |
| **Glanluach de réir na Leabhar** | | | | | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2015** | **962,596** | **94,741** | **651,546** | **–** | **330,489** | **6,004,270** | **8,043,642** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2014** | **875,799** | **143,359** | **296,441** | **176** | **289,285** | **5,160,433** | **6,765,493** |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016

## 10. Infháltais

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Tobhach tástáil náisiúnta gluaisteán | 1,343,448 | 4,739,355 |
| Ús Bainc | – | 11,876 |
| Tobhach tástáil teoiric tiománaithe | 305,474 | 165,725 |
| Táillí tástáil tiománaithe | 23,991 | 21,063 |
| Ioncam ó cheadúnais tiomána | 70,580 | 19,620 |
| Ioncam ó urraíocht | 70,000 | – |
| **Iomlán** | **1,813,493** | **4,957,639** |

## 11. Réamhíocaíochtaí

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Árachas | 30,773 | 25,252 |
| Ceadúnais bogearraí | 322,386 | 177,280 |
| Eile | 77,103 | – |
| **Iomlán** | **430,262** | **202,532** |

## 12. Suimeanna Iníoctha

### Suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Creidiúnaithe trádála | 1,614,210 | 1,308,099 |
| ÍMAT/ÁSPC | 489,019 | 481,640 |
| Asbhaintí párolla | 218,748 | 163,964 |
| CBL | 443,945 | 671,155 |
| Cáin a shiarchoinneáil | 306,834 | 233,619 |
| Cáin chonarthaí iomchuí | – | 505 |
| Fabhruithe | 3,924,611 | 3,919,809 |
| Fabhrú pá saoire | 302,539 | 353,610 |
| Ioncam iarchurtha ó tháillí tástáil tiománaithe | 5,512,919 | 3,889,129 |
| Ioncam iarchurtha ón tobhach tástáil feithiclí tráchtála | 392,293 | 370,492 |
| Aoisliúntas atá dlite don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt | 452,086 | 474,253 |
| **Iomlán** | **13,657,204** | **11,866,275** |

## 13. Chuntas Caipitil

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Iarmhéid tosaigh | 8,043,642 | 6,765,493 |
| **Aistriú ó Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe** | | |
| Ioncam a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach | 5,052,924 | 5,050,787 |
| Amúchadh sócmhainní seasta | (4,390,227) | (3,772,638) |
| **Aistriú chuig an gCuntas Caipitil** | **662,697** | **1,278,149** |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **8,706,339** | **8,043,642** |

## 14. Ceangaltais Chaipitil

Tá ceangaltais chaipitil ag an Údarás i leith a chonartha le haghaidh an chórais faisnéise feithiclí tráchtála faoin gclár athchóirithe ródacmhainneachta feithiclí tráchtála. Faoin téarma conartha le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2017 go dtí an 28 Feabhra 2019, tá ceangaltais chaipitil chonartha de €3.3m ag an Údarás a bhaineann le mír chaipitil na n-íocaíochtaí míosúla muirir sheirbhíse. Cuirfidh an tÚdarás na ceangaltais seo i gcrích óna chúltacaí agus ó ioncam amach anseo ón tobhach tástáil feithiclí tráchtála.

## 15. Dliteanais theagmhasacha

Níl aon dliteanais theagmhasacha ann ar an 31 Nollaig 2016

## 16. Nochtadh Páirtithe Gaolmhara

Ghlac an tÚdarás le nósanna imeachta de réir treoirlínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le nochtadh leasanna ag a chomhaltaí agus cloíodh leis na nósanna imeachta seo sa bhliain.

## 17. Iasachtaí

Ligeann Alt 13 den Acht um an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006 don Údarás airgead a fháil ar iasacht le cead an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le comhaontú an Aire Airgeadais ar son a fheidhmeanna a chur de láimh. Ó tionscnaíodh é, níor thabhaigh an tÚdarás aon iasachtaí.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016

## 18. An tAcht um Shaoráil Faisnéise

Tá an tÚdarás lonnaithe ina cheannoifig i mBéal an Átha agus ina fho-oifig i mBaile Locha Riach. Is le hOifig na n-Oibreacha Poiblí an t-áitreabh seo agus níl aon chíos le híoc ag an Údarás. Tá 56 ionad tástáil tiománaithe ag an Údarás ar fud na tíre, tá 23 díobh seo lonnaithe in oifigí a roinntear le ranna rialtais eile, tá 27 gcinn lonnaithe in áitreabh eile de chuid Oifige na nOibreacha Poiblí agus tá 6 cinn ar cíos ag an Údarás mar shocrú eatramh. Gearrtar costais comhsheirbhísí i leith na n-ionad siúd atá lonnaithe in oifigí a roinntear le ranna rialtais eile.

## 19. Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe

Ag deireadh 2016, bhí barrachas carnach coinnithe de €29.2m ag an Údarás. Leithdháileadh €0.139m ar an Údarás ón Státchiste le haghaidh 2016 go sonrach chun riar ar íocaíochtaí pinsin i gcomhair pinsinéirí ar a chuntais. Seachas sin, d'fheidhmigh an tÚdarás ar bhonn féinmhaoinithe in 2016.

D'ullmhaigh an tÚdarás Plean Corparáideach don tréimhse 2016 go 2020 inar thug an tÚdarás achoimre ar an gcaoi a n-úsáidfeadh sé a leibhéal reatha cúlchistí chun infheistiú ina bhonneagar seirbhíse poiblí thar thréimhse cúig bliana go 2020 rud a dhéanfadh cúlchistí an Údaráis a laghdú go leibhéal inbhuanaithe.

D'fhaomh Bord an Údaráis an Plean Corparáideach agus chuaigh an tÚdarás i dteagmháil agus i gcomhairle leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maidir leis an bplean. Faoi láthair, tá an bord ag cruthú clár athbhreithnithe infheistíochta do na blianta 2017 go dtí 2020 a fhreagróidh níos mó d'úsáid na gcúlchistí coinnithe.

## 20. Iartheagmhais

Níor tharla aon eachtraí eile ó thainig an bhliain chun críche an 31 Nollaig 2016.

## 21. Faomhadh na Ráitis Airgeadais

D'fhormheas an tÚdarás na Ráitis Airgeadais an 29 Bealtaine 2017.

# Buíochas a ghabháil le hEagraíochtaí agus le Daoine

## An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre – Ag Oibriú chun Saolta a Shábháil.

Ba mhaith leis an RSA buíochas a ghabháil leis na heagraíochtaí seo a leanas as an tacaíocht a thug siad in 2016:

- AA
- A-CEART
- An Garda Síochána
- Teagascóirí Tiomána Formheasta (ADInna)
- Cumann na nGluaisteán
- Brí
- Bus Éireann
- Christy Moore
- An Chomhairle um Thurasóireacht Cóistí agus Iompair (CTTC)
- An Coimisiún um Rialáil Iarnróid
- Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh (CUH)
- Coistí Cathrach i gCúram Leanaí
- Rothaíocht Éireann
- Cycling.ie
- An Roinn Oideachais agus Scileanna (Clár Idirbhliana)
- An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil
- An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
- An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt
- An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt
- An Roinn Dlí agus Cirt,
- Bus Bhaile Átha Cliath
- Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- Caisleán Bhaile Átha Cliath
- Gléasra BSL
- Comhairle Sábháilteachta Iompair na hEorpa (ETSC)
- Irisleabhar Fleet
- Clár na Scoileanna Glasa
- An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta. (HSA)
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE)
- ÚFT
- Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann (IFA)
- Irish Farmers Journal (IFJ)
- Aontas Cógaiseoirí na hÉireann
- Iarnród Éireann
- Comhlachas Tarlú Bóthair na hÉireann (IRHA)
- Cumann Thionscal Bonn na hÉireann (ITIA)
- IRVA
- Bord Ríomheolaíochta an Rialtais Áitiúil
- Stáisiúin Raidió Áitiúla agus an Preas Áitiúil
- An Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre (MBRS)
- Met Éireann
- Muintir na Tíre
- Fóraim Náisiúnta Phobail
- Oifig Náisiúnta an Leighis Tráchta
- Stáisiúin Raidió Náisiúnta agus an Preas Náisiúnta
- An tOspidéal Náisiúnta Athshlánúcháin, Dún Laoghaire
- An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI)
- An tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA)
- No Name! Clubanna
- Suirbhéireacht Ordanáis Éireann (OSI)
- PARC
- Tiománaithe Óga Freagracha (RTD)
- Oifigigh um Shábháilteacht ar Bhóithre agus Údaráis Áitiúla
- Comhairle Sábháilteachta Iompair na hEorpa
- Rós Thrá Lí
- Coláiste Ríoga Lianna na hÉireann
- Cumann Thionscal Mótar na hÉireann (SIMI)
- An tÚdarás Póilíneachta
- Muintir Threasaigh
- Bonneagar Iompair Éireann
- Coláistí Tríú Leibhéal
- CLG Uladh
- Aontas na Mac Léinn in Éirinn (USI)

### Urraithe:

- Applegreen
- Advance Pitstop
- Electric Ireland
- Mercedes
- Reynolds Logistics Ltd
- Toyota

Bhí tiománaí nó gluaisrothaí amháin ar a laghad faoi thionchar alcóil roimh an imbhualadh i

**29%**

den 867 imbhualadh iomlán.

Bhí baint ag coisí faoi thionchar alcóil le

**9%**

de na 857 imbhualadh marfach.

# Tionchar an alcóil in imbhuailtí marfacha

## 2008–2012

Bhí baint ag an alcól le

**38%**

de na himbhuailtí.

Bhí leath de thiománaithe agus gluaisrothaithe níos mó ná ceithre huaire thar an uasteorainn reatha alcóil do thiománaithe. Bhí ceathrú de thiománairthe níos mó ná cúig huaire thar an uasteorainn reatha alcóil do thiománaithe agus bhí cúigiú de ghluaisrothaithe níos mó ná cúig huaire thar an uasteorainn alcóil reatha do thiománaithe.

x4

x5

Bhí cion alcóil san fhuil de 201-251+ ag beagnach leath (47%) de thiománaithe idir 16 agus 24 bliana d'aois.

Bhí cion alcóil san fhuil thar 201mg ag níos mó ná leath de na coisithe (52%) a bhí ag siúl.

Ar an iomlán, tharla níos mó ná leath (58%) de na 330 imbhuailte a raibh baint ag an alcól idir 9pm-5am agus bhí buaicphointe ann idir 2 agus 3am.

DOM

Tharla beagnach 1/3 de na himbhuailtí a raibh baint ag an alcól ar an Domhnach. Tharla beagnach 2/3 ag an deireadh seachtaine, ar an Aoine, an Satharn agus an Domhnach.

Ar an iomlán, tá na teorainneacha luais ag tabhairt le fios gur tharla 19% d'imbhuailtí a raibh baint ag an alcól i gceantar uirbeach agus 81% i dtimpeallacht níos tuathúla.

Ba fhir iad formhór na dtiománaithe faoi thionchar alcóil. Bhí beagnach leath (43%) de na tiománaithe faoi thionchar alcóil idir 16 agus 24 bliana d'aois.

# Oibriú lena chéile le Saolta a Shábháil

Údarás Um Shábháilteacht Ar Bhóithre
Road Safety Authority

Páirc Ghnó Ghleann na Muaidhe, Cnoc an tSabhaircín, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo.
Moy Valley Business Park, Primrose Hill, Dublin Road, Ballina, Co. Mayo.

Íosghlao: 1890 50 60 80 facs: (096) 25 252
r-phost: info@rsa.ie suíomh Gréasáin: www.rsa.ie